

Ag Infheistiú go hÉifeachtach

i dTeicneolaíocht Faisnéise agus

Cumarsáide i Scoileanna,

2008-2013

An Tuarascáil de chuid Grúpa Straitéise an Aire



[Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Scoileanna, 2008-2013](#)

Réamhfhocal



Tá teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide mar chuid lárnach dár mbeatha phearsanta agus oibre anois. Rugadh leanaí na lae inniu isteach san aois seo na teicneolaíochta agus is iondúil gur úsáideoirí fíor-chompondacha agus fíor-chumasacha iad. Ní mór dúinn i bhfianaise forleithne na TFC a chinntiú gur féidir le gach saoránach a bheith rannpháirteach go hiomlán sa domhan digiteach seo. Tá an inniúlacht digiteach ag leibhéal Eorpach ar cheann de na hocht bpríomh-inniúlachtaí a glacadh leo don fhoghlaim fadsaoil. Níltear in aon amhras ach gur féidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus idirghníomhacha saibhreas nua acmhainní a thabhairt don seomra ranga agus don fhoghlaim agus múineadh trí chéile. Táthar tar éis dul chun cinn cuimsitheach a dhéanamh ó seoladh *Schools IT 2000 – A Policy Framework for the New Millennium* deich mbliana ó shin, chun TFC a chomhtháthú isteach i bhfoghlaim agus múineadh inár scoileanna. Taispeántar le fianaise ó scoileanna na hÉireann gur féidir leis an eispéireas foghlama a bheith níos saibhre, níos comhoibrí agus níos tairbhí go pearsanta sa chás go mbaintear leas as TFC ar bhonn nuálaíoch agus comhtháite isteach sa churaclam. Cuireann an TFC ar chumas múinteoirí beatha a thabhairt do cheachtanna ar bhealaí nua, foghlaimeoirí a spreagadh agus le teacht ar bhealaí nua chun teagmháil le daltaí go bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

Aithním tiomantas na scoileanna agus éachtaí na múinteoirí chun leas rathúil a bhaint as TFC i bhfoghlaim agus i múineadh. Tá an infheistíocht déanach sna líonra scoileanna agus forbairt líonra leathanbhanda na scoileanna ag éascú rochtain mhéadaithe ar acmhainní digiteacha don fhoghlaim agus múineadh – agus leanfar ar aghaidh á éascú. Aithníonn an Rialtas an gá atá le spreagadh úr chun buntáiste níos mó a thapú den chumas a thairgeann comhtháthú éifeachtach na TFC isteach i bhfoghlaim agus múineadh. Tacóidh leithdháileadh €252m sa Phlean Forbartha Náisiúnta don Chlár TFC i Scoileanna leis an gcéad chéim den chomhtháthú TFC.

Cheap mé an Grúpa Straitéise chun comhairle a thabhairt i leith na dtosaíochtaí don infheistíocht, le haird á thabhairt ar na fachtóirí ratha criticiúla do chomhtháthú rathúil na TFC isteach i bhfoghlaim agus múineadh. Léiríonn an Tuarascáil seo an gá atá le cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus bonneagar TFC na scoileanna, lena n-áirítear soláthar leathanbhanda, tacaíocht teicniúil agus ábhar digiteach. Aithnítear sa tuarascáil freisin an t-éileamh cinntitheach atá le ceannaireacht láidir agus tiomanta lán scoile má tá na scoileanna chun an TFC a chomhtháthú go rathúil i bhfoghlaim agus i múineadh. Teastaíonn uainn coinníollacha a chothú agus tacaíochtaí a sholáthar lena ligfear don dea-chleachtas in úsáid na TFC teacht i dtreis agus scaipeadh.

Tá áthas orm réamhrá a thabhairt do Thuarascáil an Ghrúpa Straitéise, *Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide 2008-2013*, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Ghrúpa Straitéise as ucht a dtiomantas agus an méid a chuir siad leis an dtuarascáil. Táim sásta ach go háirithe go ndeachaigh an Grúpa i gcomhairle le réimse leathan leasanna agus go bhfuarthas an oiread sin aighneachtaí. Leagann tuarascáil an Ghrúpa amach clár oibre suntasach agus beidh mé ag obair le mo Roinn féin agus le gach páirtí ábhartha chun na gníomhaíochtaí a imlínítear a chur chun cinn.

Mary Hanafin, T.D.,

An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Bail an Ghrúpa Straitéise

An tUas. Jerome Morrissey,
Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise.
Stiúrthóir, Ionad Náisiúnta don
Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE)



An tUas. Mr Matt Hume,
Príomhoide, Scoil Náisiúnta Buachaillí
Naomh Seosamh, Tír an Iúir



An Dr Seán Baker,
Príomh-Eolaí Corparáideach,
IONA Technologies PLC



An tUas. Mr Seamus Ryan,
Príomhoide, Coláiste
Pobail Dhún Seachlainn.



An Dr Conor Galvin,
Scoil an Oideachais agus na Foghlama
Ar Feadh an tSaoil, UCD



Theresa Ryan Uasal,
Aonad Polasaí TFC, An Roinn
Oideachais agus Eolaíochta



An Dr Máirín Glenn,
Comhordaitheoir TFC, Scoil
Náisiúnta an Inbhir, Béal an Átha



An tUas. Tim O'Sullivan,
An Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha



An tUas. Mr Michael Hallissy,
Stiúrthóir Foghlama, Gníomhaireacht
Forbartha an Mhoil Dhigitigh



An tUas. Mr Frank Turpin,
Bainisteoir Oideachais,
Intel Ireland Ltd.



Grúpa straitéise TFC

Mary Hanafin Uasal, TD
Aire Oideachais agus Eolaíochta

A Aire,


Tá an-áthas orm thar ceann an Ghrúpa Straitéise TFC ár dtuarascáil 'Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (2008-2013)' a chur faoi do bhráid. I mbaint amach ár dtasc chuamar i gcomhairle go forleathan agus ba mhór an spreagadh dúinn an tiomantas follasach láidir a léirigh na comhpháirtithe oideachais agus an lucht tionscail do ról na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i bhfoghlaim agus múineadh. Léiríodh pictiúr cuimsitheach de thuairimí geallsealbhóirí san iliomad aighneachtaí a fuarthas, agus b'iontu a aithníodh a n-ionchais go soiléir agus a moladh tosaíochtaí don infheistíocht TFC. Gan tagairt neamhbhalbh a dhéanamh do na moltaí a rinneadh, táim muiníneach go bhfaigheann an chuid is mó díobh léiriú soiléir sna tosaíochtaí infheistíochta a d'aithin an Grúpa Straitéise agus a fheictear san fhís a shamhlaítear don TFC in oideachas. Rinneamar athbhreithniú freisin ar pholasaí TFC agus chuamar i gcomhairle le comhghleacaithe coigríche ar mhúnlaí deachleachtais.

Tá Éire na 21ú aoise ag athrú go gasta mar thír agus tá an TFC ag éirí níos mó mar chroíchuid de go leor nithe atá lárnach do shaol sóisialta, oideachais, tráchtála agus tionsclaíoch a muintire. Táthar ag cur éilimh agus ionchais úir ar an oideachas ar gach aon leibhéal. Creidimid gur féidir le húsáid phleanáilte na TFC cur go huathúil le comhlíonadh go leor de na dúshlán sin trí shuibhreas úr modha agus acmhainne a bhronnadh ar an bhfoghlaim agus an múineadh. Treisíonn úsáid chomhtháite na TFC an fhoghlaim agus méadaítear braistint na hábharthachta trí an bhfoghlaim a dhéanamh níos freagraí ar úsáid sóisialta agus phearsanta na TFC ag daltaí. Ina aighneacht siúd dúirt Aontas na Mac Léinn Iarbhunscóile:

"Níor cheart go mbeadh trasdul dráma ann idir úsáid na teicneolaíochta ag an mbaile agus ar scoil. Ní mór go mbeadh spreagadh agus dúshlán orainn i dtimpeallacht foghlama nua-aoiseach"

Forbraíonn ár moltaí ar an méid atá bainte amach go dtí seo. Is follasach é díograis agus tiomantas ár múinteoirí do chomhtháthú na TFC – tá sé riachtanach anois na saoráidí agus tacaíochtaí TFC iomchuí a fheabhsú chun éascú a dhéanamh ar chomhtháthú méadaithe TFC i bhfoghlaim agus múineadh. Síneann ár bhfís don TFC i bhfad níos faide ar aghaidh ná an méid ar féidir a sheachadadh le maoiniú an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN), más rud é go gcuirtear i bhfeidhm é, ach creidimid go dtabharfar sinn go dtí an sprioc fhoriomlán um ár scoileanna a chlaohlú i dtimpeallachtaí ríomhfhoghlama na 21ú aois.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas, díograis agus saineolas grinn a léirigh mo chomhghleacaithe ar an nGrúpa Straitéise ar fud fhorbairt na tuarascála seo. Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an rúnaíocht agus an tacaíocht soláthartha ag an NCTE a bhí faoi cheannas Anne White.



Jerome Morrissey
Cathaoirleach

Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Scoileanna, 2008-2013

Clár Ábhair

Achoimre feidhmiúcháin	I
1. Ag samhlú ról na TFC in oideachas	1
2. TFC i scoileanna – an comhthéacs reatha	5
2.1 Bunlínte bonneagair agus úsáide.....	5
2.2 Forbairt ghairmiúil an mhúinteora	6
2.3 Bonneagar, teicneolaíocht agus nuálaíocht.....	7
3. An todhchaí.....	11
3.1 Ag cruthú timpeallachtaí ríomhfhoghlama ceannródaíocha	11
3.2 Ag infheistiú go héifeachtach i TFC in oideachas	12
3.3 Spriocanna infheistíochta TFC 2008-2013.....	13
4. Cuspóirí agus moltaí tosaíochta d’infheistíocht TFC.....	16
4.1 Forbairt ghairmiúil leanúnach	17
4.2 Ábhar digiteach agus bogearraí um fhoghlaim agus múineadh.....	19
4.3 Trealamh TFC – breise agus ionadaíoch	20
4.4 Leathanbanda agus seirbhísí na scoileanna	22
4.5 Cothabháil agus tacaíocht theicniúil	23
4.6 Tacaíochtaí agus struchtúir fhorfheidhmithe	24
4.7 Taighde agus cleachtas nuálaíoch.....	25
4.8 Leibhéal inmhianaithe TFC do scoileanna	26
4.9 Dáileadh an mhaoinithe agus an bhuiséid foriomlán	26
– táblaí 1, 2 agus 3.....	28
Tagairtí	32
Leabharliosta roghnaithe	33
Aguisíní	34
Téarmaí Tagartha	36
An Grúpa Straitéise	37
Modheolaíocht	38
Aighneachtaí scríofa	39
Láithreoireachtaí béil	40
Gluais.....	41

Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Scoileanna, 2008-2013

Achoimre feidhmiúcháin

Achoimre feidhmiúcháin

1. Ag samhlú ról na TFC in oideachas

Tá athrú ag teacht ar foghlaim. Gné bhunúsach den athrú seo é an úsáid atá á baint as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthraíonn acmhainní agus deiseanna oideachais níos saibhre, níos láithrí agus níos ábhartha ó thaobh domhanda de. Nuair a baintear úsáid mar is ceart as TFC, saibhrítear foghlaim agus feabhsaítear múineadh. Cabhraíonn sí chun gníomhaíochtaí spéisiúla a chruthú sa seomra ranga agus is uirlis úsáideach inspreatha í a spreagann dul chun cinn foghlaimeoirí ar bhealaí pearsanta agus féintreoraithe.

Tá athrú agus fás suntasach tarlaithe in Éirinn le deich mbliana anuas, ach d'fhonn leanúint leis seo ní mór go mbeadh an chéad ghlúin eile ullamh chun maireachtáil sa tsochaí feasachta seo.

Is é an dúshlán atá romhainn amach ná a chinntiú go n-athraítear an bhéim atá ar TFC i scoileanna gan mhoill; is é sin ó bhéim ar sholáthar teicneolaíochta go béim ar úsáid na teicneolaíochta i measc foghlaimeoirí. Luach oideachais inmhianaithe riamh anall ba ea cruthaitheacht phearsanta a chothú. Scileanna ríthábhachtacha sa gheilleagar feasachta anois iad cruthaitheacht agus seiftiúlacht agus cuireann úsáid TFC mar chuid den phróiseas foghlama go mór le forbairt na scileanna seo. Cuirfidh Web 2.0 go mór le hidirghníomhaíocht agus cinnteofar go mbeidh níos mó úsáide á baint as ábhar cruthaithe ag an úsáideoir. Tá sé ríthábhachtach go ngnóthaíonn daoine óga na scileanna riachtanacha TFC agus na scileanna coibhneasacha chun tacú leis na deiseanna nua seo.

Éachtaí agus dúshláin

Ó 1998 i leith, tá dhá chlár curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ar mhaithe le TFC a ionchorprú i bhfoghlaim agus i múineadh i scoileanna – *Schools IT2000* agus *Blueprint for the Future of ICT in Irish Education*. Tá tuairisc le fáil i roinnt staidéir ar thionchar an dá chlár seo agus léirítear iontu go bhfuil dul chun cinn déanta i ndáil le dá ghné faoi leith ach go háirithe. Ar an gcéad dul síos, léirigh múinteoirí go bhfuil siad toilteanach TFC a ionchorprú mar chuid den mhúineadh trí pháirt a ghlacadh i gcláir forbartha ghairmiúla TFC agus, ar an dara dul síos, trí TFC a chomhtháthú i bhfoghlaim agus i múineadh sna scoileanna, cé go raibh sé seo teoranta chuig leibhéal ar chóimhéid le leibhéal na hinfheistíochta TFC. Mar sin féin, is é atá mar chonclúid leis na staidéir éagsúla seo ná, cé go bhfuil méid áirithe ríomhairí le fáil i scoileanna mar aon le rochtain teoranta idirlín, chiallaigh easpa infheistíochta le blianta beaga anuas nach bhfuil trealamh oiriúnach TFC i scoileanna agus go bhfuil go leor den trealamh TFC sean, mar aon le heaspa tacaíochta teicniúil agus leibhéal mhí-oiriúnacha leathanbhanda.

D'fhonn an dúshlán a bhaineann leis na scileanna agus an cumas a bheidh ag teastáil do leanaí scoile amach anseo a chomhlíonadh, ní mór dúinn infheistiú anois sa phróiseas a bhaineann le timpeallachtaí ríomhfhoghlama a chruthú inár scoileanna. Chuige sin, ní mór na príomhspríocanna infheistíochta seo a leanas a chomhlíonadh:

- A. Soláthar oiriúnach na cumraíochta bonneagrach TFC agus seirbhísí teicniúla i ngach scoil
- B. Tacú le ceannaireacht, intleachtacht, cruthaitheacht agus fíis do chomhtháthú TFC i scoileanna
- C. Freastal ar riachtanais forbartha ghairmiúla TFC na múinteoirí chun tacú le forbairt chumas TFC na scoile ar fad
- D. Soláthar rochtana ar éileamh d'uirlisí agus ábhar digiteach a bhaineann leis an gcraclam
- E. Soláthar na leibhéal feiliúnacha agus oiriúnacha um idirlíon leathanbhanda do gach scoil.

2. Moltaí achoimre

Tosaíochtaí infheistíochta

Teastaíonn trealamh nua TFC i scoileanna, mar aon le leathanbhanda, seirbhísí tacaíochta teicniúla agus treoir oideolaíoch. Tá gá láithreach bonn le trealamh nua agus tacaíocht teicniúil. Molann an Grúpa Straitéise go gcomhlíonfaí an riachtanas seo trí ualach tosaigh infheistíochta a sholáthar sna réimsí seo don chéad trí bliana de thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN).

Cé go gcinnteoidh infheistíocht ón PFN cumas na scoileanna nuachóiriú a dhéanamh ar a gcuid trealamh agus áiseanna TFC mar aon le seirbhísí agus tacaíochtaí TFC a sholáthar, ní leor an méid sin chun soláthar a dhéanamh ar an leibhéal TFC a bheidh ag teastáil sna sé bliana amach romhainn.

Braitheann baint amach leibhéal inmhianaithe d'úsáid TFC i scoileanna ar roinnt fachtóirí criticiúla agus idirnasctha:

- >> Oideachas agus forbairt ghairmiúil múinteoirí chun na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí foghlama nua a úsáid
- >> Infhaighteacht ábhar digiteach feiliúnach agus uirlisí ábhair
- >> Dóthain ríomhairí agus trealamh tacaíochta TFC i scoileanna
- >> Soláthar feiliúnach agus oiriúnach leathanbhanda
- >> Cothabháil agus tacaíocht teicniúil d'ardchaighdeán
- >> Struchtúir chun an infheistíocht a fhorfheidhmiú agus a thacú
- >> Tacaíocht don taighde TFC éifeacht-bhunaithe, ceannródaíoch.

Gan dóthain airde a dhíriú ar gach gné thuasluaite tá an tionscadal iomlán i mbaol. Dá réir sin, tá eolas le fáil anseo thíos ar na príomhchuspóirí infheistíochta, aitheanta agus imlínithe, a thacóidh leis an tionscadal agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun iad seo a bhaint amach. Tá a suntasacht imlínithe agus sainmhínithe i gCuid 2, 3 agus 4 den tuarascáil seo. Tá liosta le fáil thíos i bhfoirm achoimre.

Seacht gcuspóirí infheistíochta agus moltaí coibhneasacha

1. Forbairt ghairmiúil leanúnach

2. Ábhar digiteach agus bogearraí um fhoghlaim agus múineadh

3. Trealamh TFC – breise agus ionadaíoch

4. Leathanbhanda agus seirbhísí na scoileanna

5. Cothabháil agus tacaíocht teicniúil

6. Tacaíochtaí agus struchtúir fhorfheidhmithe

7. Taighde agus cleachtas nuálaíoch

Forbairt ghairmiúil leanúnach

1

Cuspóir: A chinntiú go ngnóthaíonn múinteoirí na hinniúlachtaí chun úsáid a bhaint as TFC ina gcuid oibre.

Moladh: Creatlach náisiúnta do TFC a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí (CPD), creatlach:

- >> A sholáthraíonn inseirbhís i gcomhtháthú TFC i gcomhar le rannóg oideachas múinteoirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE)
- >> A chomhtháthaíonn TFC sa seachadadh inseirbhíse ar fad agus i ndearadh agus forbairt churaclaim
- >> A chumasaíonn ceannaireacht i gcomhtháthú TFC i scoileanna trí thacaíochtaí feabhsaithe do phríomhoidí scoile agus múinteoirí comhordaithe TFC - na daoine a bheidh freagrach as ucht úsáid TFC a chur chun cinn i scoileanna
- >> A sholáthraíonn bealaí creidiúnaithe agus gradam acadúil do mhúinteoirí in úsáid TFC
- >> A chinntíonn go bhfuil TFC comhtháite go hiomlán in oideachas réamh-sheirbhíse – do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile araon.

Ábhar digiteach agus bogearraí um fhoghlaim agus múineadh

2

Cuspóir: A chinntiú go bhfuil soláthar feiliúnach d'ábhar digiteach múinte agus foghlama, nuálaíoch, ar ardchaighdeán, a bhaineann le curaclam na hÉireann, ar fáil do mhúinteoirí agus do mhic léinn ar gach leibhéal.

Moladh: Straitéis uilechuimsitheach a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sonraíocht, forbairt agus dáileadh ábhar digiteach d'fhoghlaim. Ba cheart go ndéanfaidh sé seo:

- >> Áiseanna reatha na dtairseach gréasáin (Scoilnet) a fhorbairt chun ábhar digiteach don seomra ranga a dháileadh
- >> Rochtain a sholáthar ar ábhar digiteach bainte leis an gcuraclam - do mhúinteoirí agus mic léinn uile
- >> Tacú le múinteoirí agus le mic léinn ábhar a roinnt agus a chruthú
- >> Éascú ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí in Éirinn agus sealbhóirí ábhair eile chun ábhar a roinnt agus a chruthú
- >> Comhaontuithe ceadúnaithe a lárú agus creatlaí ceannaigh bogearraí a chur i bhfeidhm.

Trealamh TFC – breise agus ionadaíoch

3

Cuspóir: A chinntiú go mbeidh teicneolaíocht sonrath agus suas chun dáta teagaisc agus foghlama ar fáil do gach scoil.

Moladh: Socruithe náisiúnta a chur i bhfeidhm chun trealamh scoile a cheannach agus a sholáthar agus plean náisiúnta maidir le hathnuachan trealaimh agus trealamh atá imithe as dáta. Ba cheart go ndéanfaidh sé seo:

- >> Dóthain ríomhairí feiliúnacha a sholáthar do gach scoil. Níor cheart go mbeadh an ríomhairí in úsáid níos mó ná sé bliana
- >> Creatlaí ceannaigh náisiúnta reatha a úsáid chun ríomhairí scoile a athnuachan agus a thabhairt suas chun dáta mar aon le creatlach nua chun feistí/gléasanna forimeallacha TFC a cheannach
- >> Maoiniú a sholáthar do scoileanna chun raon feistí digiteacha a sholáthar mar aon le haonaid ilmheáin ar féidir a úsáid ar mhaithe le tacú le foghlaim do gach mac léinn..

4

Leathanbhanda agus seirbhísí na scoileanna

Cuspóir: A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil ar sheirbhís shonraithe, chost-éifeachtúil leathanbhanda a sheachadtar do na réimsí cuí foghlama laistigh den scoil.

Moladh: Líonra leathanbhanda scoileanna a fhorbairt ionas gur líonra feiliúnach ardluais a bheidh ann a bheidh ar fáil do gach scoil, agus a sholáthróidh an bonneagar coimhdeach riachtanach chun cuidiú le scoileanna rochtain a fháil ar an líonra seo agus é a úsáid. Níos mó maoiniú agus tacaíocht Rialtais a fháil chun an acmhainn riachtanach seo a sholáthar. Ba cheart go ndéanfadh sé seo:

- >> Nascacht inacmhainne, ardluais a sholáthar do gach scoil trí líonra leathanbhanda na scoileanna
- >> Raon seirbhísí láraithe leathanbhanda a chur ar fáil do scoileanna, lena n-áirítear rphost, VLEanna agus óstáil gréasáin
- >> Nascacht ardluais LAN a sholáthar i ngach áit laistigh den scoil
- >> Rogha a thabhairt do scoileanna bandaleithead breise a cheannach de réir mar a mhéadaíonn a réimse úsáide agus riachtanas
- >> Sainghrúpa comhairleach a bhunú le comhairle a chur ar an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) maidir le forbairtí leathanbhanda agus na forbairtí nua seo a chur i bhfeidhm i scoileanna.

5

Cothabháil agus tacaíocht theicniúil

Cuspóir: A chinntiú gur féidir le scoileanna bonneagair feidhmitheach agus iontaofa TFC a sholáthar go muiníneach, agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoileanna ar an tacaíocht oiriúnach theicniúil agus cothabhála leis an gcaighdeán seirbhíse seo a chothabháil.

Moladh: Go mbunaíonn an ROE réitigh inbhuanaithe don dúshlán a bhaineann le bonneagar TFC scoileanna a chothabháil agus a thacú. Ba cheart go n-áireodh sé seo polasaí agus gníomh chun:

- >> Creatlach náisiúnta a bhunú chun tacaíocht theicniúil a sholáthar ar mhaithe le seirbhísí a éascú ar fud na tíre
- >> Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht agus ar an bpraiticiúlacht a bhaineann le forbairt ar na seirbhísí TFC reatha soláthartha ag CGO
- >> Freastaláí/seachfhreastaláí teicniúla tacaíochta a shuiteáil i scoileanna móra
- >> Deasc freastail tacaíochta teicniúil, náisiúnta a bhunú agus a fheidhmiú.

Tacaíochtaí agus struchtúir forfheidhmithe

- Cuspóir:** A chinntiú go bhfuil údarás freagrach ann – ag a bhfuil an t-eolas agus na hacmhainní cuí – ionas gur féidir an tionscnamh a bhaineann le timpeallachtaí ríomhfhoghlama a chruthú i scoileanna a chur chun cinn ar mhaithe leis an aidhm agus leis an bhfís riachtanach a chomhlíonadh.
- Moladh:** Go dtugtar aitheantas do nádúr sóisialta agus geilleagrach an dúshláin seo, agus go gcuirtear na socruithe riachtanacha idir-rannacha i bhfeidhm ionas gur féidir an clár oibre athraithe a chur i bhfeidhm. Éileoidh sé seo:
- >> Cur chuige comhordaithe go foirmiúil ar mhaithe le comhoibriú idirghníomhaireachta a chinntiú chun an clár oibre TFC agus ríomhfhoghlama a bhrú chun cinn
 - >> Fóram comhairleach a bhunú ar a bhfuil páirtithe leasmhara dlisteanacha ó réimsí oideachais agus fiontraíocha na hÉireann
 - >> Brú a chur ar ghníomhaireacht forfheidhmithe ceannaireacht agus seachadadh a dhéanamh ar pholasaí oideachais náisiúnta TFC agus chun comhairle chuí theicneolaíoch agus oideolaíoch a sholáthar do scoileanna. Is é an NCTE an dream is fearr a d'fhéadfadh an ról seo a chomhlíonadh, ach ní mór é a bhunú go foirmiúil mar ghníomhaireacht de chuid ROE.

6

Taighde agus cleachtas nuálaíoch

- Cuspóir:** A chinntiú go gcuirtear ár bhfís maidir le teicneolaíocht digiteach san oideachas i bhfeidhm agus go mbíonn an fhís sin ábhartha agus ceannródaíoch ar bhonn idirnáisiúnta.
- Moladh:** A chinntiú go dtugtar aitheantas agus tacaíocht don ról riachtanach a bhaineann le taighde TFC éifeacht-bhunaithe, ceannródaíoch. Éileoidh sé seo:
- >> Taighde maoinithe ar mhúnlaí deachleachtais trí thionscadail nuálaíocha le scoileanna agus, más cuí, i gcomhar le hinstítúidí tríú leibhéal agus leis an tionscal TFC
 - >> Cás-staidéir a bhfuil bunús maith leo bunaithe ar dheachleachtas ríomhfhoghlama agus cur i bhfeidhm na gcleachtas sin
 - >> *Digital Schools Initiative* a fhorbairt mar mhodh chun scrúdú a dhéanamh agus léargas a thabhairt ar nuálaíocht TFC agus múnlaí eiseamláireacha de thimpeallachtaí ríomhfhoghlama scoile a chruthú
 - >> Tacú le húsáid nuálaíoch TFC i scoileanna trí idirghabhálacha spriocdhírthe taighde a dhearadh, a sheachadadh agus a úsáid, ag díriú go príomha ar úsáid a bhaint as cleachtas nua agus ábhair dhigiteacha faoi choinníollacha diana monatóireachta.

7



1 Ag samhhlú Ról na TFC in oideachas

1 Ag samhlú ról na TFC in oideachas

Cabhraíonn comhtháthú TFC san fhoghlaim agus sa mhúineadh le timpeallachtaí a chruthú a chuireann ar chumas mac léinn forbairt mar fhoghlaimeoirí muiníneacha agus féintreoirithe. Nuair a bhaintear úsáid mar is ceart as TFC, cuireann sé go mór le foghlaim agus le múineadh. Uirlis chumhachtach inspreagtha í do mhic léinn a chuireann go mór leis an scóip agus leis na deiseanna atá ann d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

De réir a chéile, tá daoine óga ag dul i dtaithí ar TFC agus ag baint úsáide rialta agus gníomhaí as an domhan digiteach mar chuid den saol laethúil. Bíonn siad páirteach i bpobail ar líne a chruthaíonn deiseanna dóibh teacht ar eolas mar aon le tuairimí agus taithí a roinnt laistigh dá bpiarghrúpaí. Go bunúsach, glacann siad páirt i bhfoghlaim neamhfhoirmiúil i gcontanaim de ghníomhaíocht digiteach ar bhealaí intleachtacha agus fiúntacha. Beidh orainn teacht ar bhealaí chun na scileanna agus an taithí nua seo a ionchorprú sa timpeallacht foghlama fhoirmiúil. Beidh gá le leibhéil nua agus feabhsaithe gníomhaíocht chomhoibritheach idir mhúinteoirí, agus idir mhúinteoirí agus mhic léinn chun TFC a chomhtháthú le timpeallacht foghlaimeoir lárnach. Soláthróidh teicneolaíocht nua na foghlama, ar bhealach uathúil, deiseanna níos fearr d'fhoghlaim níos gníomhaí agus níos pearsanta.

Go dtí seo, bhí an bhéim ar TFC i scoileanna in Éirinn dírithe den chuid is mó ar theicneolaíocht agus acmhainní a sholáthar. Cé gur gné thábhachtach í seo i ndáil leis an tionscnamh a chur i bhfeidhm, ní dhéanfar dul chun cinn soiléir agus suntasach ach nuair a athraítear an bhéim

Soláthróidh teicneolaíochta nua na foghlama, ar bhealach uathúil, deiseanna níos fearr d'fhoghlaim níos gníomhaí agus níos pearsanta

ón teicneolaíocht go dtí an úsáid atá á baint ag an bhfoghlaimeoir as an teicneolaíocht. Ach é a bheith comhtháite mar is ceart le hobair múinteoirí, éascaíonn TFC taiscéalaíocht, cruthaitheacht agus obair idirdhisciplíneach. Ní mór go mbeadh na cúiseanna, scileanna agus uirlisí teicneolaíochta oiriúnacha ag múinteoirí le cur ar a gcumas TFC a úsáid san fhoghlaim agus sa mhúineadh.

Tá ról lárnach ag oideachas foirmiúil i ndaoine a ullmhú do rannpháirtíocht sóisialta, phearsanta agus gheilleagrach sa tsochaí. Éilíonn ár ngeilleagar feasachta lucht oibre oilte i TFC, cruthaitheach agus fiontraíoch – lucht oibre atá in ann dul i muinín TFC chun rudaí a chumadh, fadhbanna a réiteach agus eolas a chruthú. Cuireann TFC le foghlaim sna hábhair eolaíochta,

innealtóireachta agus teicneolaíochta, a chuireann freisin le rannpháirtíocht mhéadaithe sna disciplíní seo ag an tríú leibhéal. Dar ndóigh cuspóir oideachais é cruthaitheacht a mbaineann a luach féin léi. Is féidir cruthaitheacht a spreagadh i mbealaí nua trí TFC a ionchorprú.

Bhí meas ar chruthaitheacht sa tsochaí riamh anall. Anois tugtar aitheantas do chruthaitheacht mar inniúlacht fhíor-thábhachtach i sochaí líonraithe agus geilleagar feasachta. Luaitear i dtuarascáil an Bhainc Domhanda ar iomaíochas geilleagrach, (Sahlberg, 2006), go bhfuil a lán de na córais fhorbartha oideachais ag díriú ar *“flexibility, creativity and problem solving through modern methods of teaching”*. Áiríonn siad seo comhtháthú TFC agus líonraí pobail. Ina theannta sin, luaitear an méid seo a leanas sa tuarascáil *“teachers, who are catalysts of learning in the knowledge society, must be provided with incentives and encouraged to*

make their workplace and classrooms creative learning organisations where openness to new ideas and approaches can flourish”.

Trí leas a bhaint as TFC, is féidir le ceird an mhúinte taithí foghlama pearsanta a éascú ar bhealach níos fusa, rud a chabhraíonn le neamhspleáchas, féin-treoir agus scileanna foghlama fadsaoil a fhorbairt

Tagraíonn tuarascálacha eisithe ag Forfás le déanaí don riachtanas a bhaineann le cur chuige foghlama daoine óga a fhorbairt “from plateaus of knowing to continuous cycles of

learning”. Cuirfidh comhtháthú éifeachtach TFC i scoileanna ar chumas foghlaimoírí na scileanna seo a fhorbairt. Cuirfidh Web 2.0 go mór le hidirghníomhaíocht agus cinnteoidh sé go mbeidh níos mó úsáide á bhaint as ábhar cruthaithe ag an úsáideoir. Is den tábhacht é go ngnóthaíonn daoine óga na scileanna riachtanacha TFC agus na scileanna coibhneasacha le leas iomlán a bhaint as na comhéadain agus na deiseanna nua cumarsáide. Trí leas a bhaint as TFC, féadfaidh ceird na múinteoireachta taithí foghlama pearsanta a éascú ar bhealach níos fusa rud a chabhraíonn le neamhspleáchas, treoir agus scileanna foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt.

Tá athrú tagtha ar shaol sóisialta na hÉireann agus tá fás geilleagrach inmhaíte bainte amach le deich mbliana anuas, ach chun é seo a chothabháil, ní mór dúinn an chéad ghlúin eile a ullmhú le feidhmiú sa tsochaí eolais seo atá ag forbairt. Chun páirt iomlán a ghlacadh

inár sochaí feasachta ní mór go mbeadh daoine muiníneach agus go mbeadh taithí acu ar TFC a úsáid. Tá athrú ag teacht ar nádúr na foghlama. Ní mór go n-áireodh teagasc stíleanna bunaithe ar TFC agus modhanna foghlama a bhfuil taithí faighte ag mic léinn orthu lasmuigh den seomra ranga. Is cinnte go mbaineann dúshlán leis seo, ach baineann fíor-thábhacht leis i ndáil le todhchaí gach mac léinn agus go deimhin sochaí na hÉireann trí chéile.

Infheistíocht i dtodhchaí an uile dhuine é infheistíocht fhairsing agus straitéiseach i TFC in oideachas, agus ní mór go dtabharfadh Éire tús áite dó seo anois.



2 TFC i scoileanna – an comhthéacs reatha

2 TFC i scoileanna – an comhthéacs reatha

Tá eolas le fáil sa chuid seo den tuarascáil ar an gcomhthéacs ar a mbeidh treonna agus straitéisí dírithe amach anseo. Tá an comhthéacs seo bunaithe ar láithreoireachtaí agus ar aighneachtaí tugtha don Ghrúpa mar aon lenár saineolas féin agus raon iomlán sonraí bunlíne atá ar fáil dúinn. Tarraingítear arid ar chuid de na príomhréaltachtaí nach mór dúinn déileáil leo inár n-iarrachtaí chun comhairle a thabhairt i ndáil le tosaíochtaí caiteachais agus beartais don am atá amach romhainn. Is bunaithe ar bhunlínte inmhianaithe bonneagracha atá siad seo, cumas TFC na múinteoirí agus deacrachtaí áirithe a bhaineann le gníomhaíocht nuálaíoch TFC a chruthú agus a chothabháil inár scoileanna.

2.1 Bunlínte bonneagair agus úsáide

Cuireadh dá chlár infheistíochta Rialtais do TFC i scoileanna i bhfeidhm idir 1998 agus 2003 – *Schools IT 2000* agus *Blueprint for the Future of ICT in Irish Education*. Is dírithe ar infheistíocht i gcrua-earraí ríomhaire den chuid is mó a bhí na cláir seo, leibhéil bhunúsacha d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus cleachtas nuálaíoch TFC i scoileanna. Tá méid suntasach taighde déanta ar na cláir seo faoin tráth seo. Taighde ar mhionscála, aonair agus suíomh-oiriúnaithe atá i gceist le formhór den taighde seo. I measc na samplaí tá sraith próifílí scoile cruthaithe ag Gleeson et al (2002) mar chuid de thionscadal OECD agus foilseacháin a bhaineann leis an Tionscadal Comhtháthaithe Scoileanna, dála próifílí cruthaithe ag Galvin agus Mulkeen (2002), Galvin (2003) agus Daly (2001), i measc daoine eile. Tá roinnt tráchtairacht polasaí foilsithe freisin. Ina measc seo, tá Conway (2005) agus NPADC (2001). Is lú i bhfad an t-ábhar atá ar fáil bunaithe ar staidéar údarásach den chóras. Rinne an NCTE sraith de cheithre dhaonáireamh idir 1998 agus 2005

Déileáilann dá staidéar a rinneadh le déanaí leis an dúshlán a bhaineann le léargas níos cuimsithí agus níos eolasaí a sholáthar de bhonneagar TFC, úsáid TFC i scoileanna in Éirinn, agus na tuiscintí agus ábhair spreagtha atá ag múinteoirí maidir le húsáid chomhtháthaithe TFC i seomraí ranga. Tugtar léargas achomair ar chuid de phríomhthorthaí na staidéar thuasluaite agus an léargas a thugann siad ar an gcomhthéacs reatha TFC inár scoileanna:

Daonáireamh NCTE (2005)

D'aimsigh Daonáireamh 2005 an NCTE ar Bhonneagar TFC i Scoileanna nach raibh ach 22.8% de ríomhairí in úsáid le níos lú ná dhá bhliain, go raibh 29.1% in úsáid le hidir dhá bhliain agus ceithre bliana, agus go raibh 48.2% in úsáid le níos mó ná ceithre bliana. Tá 48.2% de na ríomhairí a tuairiscíodh a bheith ag obair i 2005 in úsáid anois le breis agus sé bliana. Thug 83% de scoileanna le fios gur bhain tosaíocht 'ard' nó 'an-ard' le ríomhairí nua agus ríomhairí ionadaíocha a cheannach. Léirigh thart ar 85.3% de scoileanna gur bhain tosaíocht 'ard' nó 'an-ard' le tacaíocht theicniúil agus cothabhála, agus luadh gur gné lárnach de thimpeallacht TFC scoile a bheadh sa tacaíocht sin. Bhí tacaíocht chuí theicniúil ar fáil chun cruu-earraí agus bonneagar a chothabháil. Níl tacaíocht theicniúil lárnach ar fáil do scoileanna i láthair na huaire chun teicneolaíocht níos sine a chothabháil agus a sheirbhísiú. Léirigh os cionn 84.3% de scoileanna gur bhain 'tosaíocht an-ard' le rochtain idirlín níos gasta.

Measúnú Cigireachta ROE (2008)

Chríochnaigh Cigireacht na ROE measúnacht chuimsitheach ar thionchar TFC ar mhúineadh agus ar fhoghlaim le déanaí. Is é seo an chéad tuarascáil dá leithéid. Is léir ó thorthaí

táscacha ar leibhéal bun scoile agus iarbhunscoile go bhfuil múinteoirí toilteanach TFC a úsáid ach go bhfuil bac orthu é seo a dhéanamh de dheasca easpa rochtana ar threalamh, ar leathanbhanda agus ar thacaíocht theicniúil. Aithnítear sa tuarascáil go bhfuil gá le soiléireacht agus tuiscint níos fearr i ndáil le húsáid éifeachtach a bhaint as TFC i múineadh agus i bhfoghlaim mar aon le tacaíocht agus treoir níos fearr i ndáil le pleanáil TFC i scoileanna.

Ó thaobh idirnáisiúnta de

Is léir ón tuarascáil AE is déanaí, *Benchmarking Access and Use of ICT in European Schools (2006)* gur úsáid 82% de mhúinteoirí ranga in Éirinn ríomhairí le 12 mhí sular rinneadh an suirbhé. Tá Éire faoi bhun meán an AE25 i dtéarmaí úsáide i '25-50% ceacht', (8% vs. 20.2%) agus i, 'níos mó ná 50% de cheachtanna', (7.5% vs. 16.5%). Is léir, cé go bhfuil ár múinteoirí ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha ina gcuid ceachtanna, go bhfuilimid ag bun an scála mar gheall ar an minicíocht úsáide. Lena chois sin, admhaíonn 91% de mhúinteoirí in Éirinn go mbaineann daltaí leas suntasach as ríomhairí a úsáid sa rang agus deir siad go mbíonn níos mó airde ag daltaí ar an ábhar atá faoi chaibidil nuair a bhíonn ríomhairí agus an t-idirlíon in úsáid mar chuid de na ceachtanna.

Chomh maith leis sin, dearbhaíonn an staidéar go bhfuil dearcaí dearfacha ag múinteoirí in Éirinn i ndáil leis na húsáidí difriúla is féidir a bhaint as TFC i múineadh. Bíonn na figiúirí cothrom le thart ar an meán EU 25 i ndáil le dearcaí gur cheart go mbeadh TFC in úsáid ag daltaí le cleachtaí agus tascanna a dhéanamh (79%), deis a thabhairt do dhaltaí eolas a bhailiú iad féin (79%) agus do chomhobair agus obair tháirgiúil i measc daltaí (82%).

Tá Éire luaite ag an mbun ar fad san Eoraip, áfach, i ndáil le sástacht múinteoirí leis an mbonneagar TFC: Ba bhreá le 85% de mhúinteoirí in Éirinn dá mbeadh tacaíocht agus cothabháil níos fearr TFC inár scoileanna. Níl fáil ag scoileanna ar leibhéal bunúsach trealaimh ná tacaíocht theicniúil d'fhonn a chinntiú gur ann do chomhtháthú TFC. De bhrí nach bhfuil maoiniú ilbhliantúil ar fáil ní fusa do scoileanna forbairt TFC a phleanáil. Níl teacht ag múinteoirí ar dóthain ábhar digiteach agus uirlisí digiteacha a bhaineann le curaclaim scoile na hÉireann.

In achomair: d'éirigh go breá le cláir TFC i scoileanna le déanaí, ach cuireadh srian ar an rath seo de dheasca leibhéal teoranta na hinfheistíochta. Is ann do bhuntáistí suntasacha i ndáil le dearcadh múinteoirí agus acmhainní leagáide ó thionscnaimh TFC a cuireadh le chéile roimhe seo. Mar sin féin, tá damáiste déanta do mhúineoirí sa chaighdeán teicneolaíochta i scoileanna agus i meon fabhrach múinteoirí i ndáil le húsáid TFC de bharr easpa clár leanúnach agus maoiniú seasmhach. Ba cheart go mbeadh seasamh ceannródaíoch ag Éire i bhforbairtí oideachais agus teicneolaíochta an AE. Cé nach mbaineann dada uathúil le cás na hÉireann, ní mór é a chur ina cheart trí rúin Rialtais bunaithe chuige seo.

2.2 Forbairt ghairmiúil an mhúinteora

Tá seasamh níos fearr ag Éirinn i ndáil le bonn scoileanna múinteoirí, cé go bhfuil ceisteanna áirithe nach mór dul i ngleic leo fós. Dearbhaíonn na scrúduithe a rinneamar don Tuarascáil seo go dtuigeann múinteoirí na hÉireann go mbaineann ábharthacht ar leith le TFC i saol ár leanaí - de bhrí go mbaineann siad féin an oiread sin úsáide as teicneolaíocht ina saol pearsanta agus go dtuigeann siad go bhfuil ról lárnach ag teicneolaíocht sa tsochaí. Chomh maith céanna, tuigeann múinteoirí an ról atá ag TFC san fhoghlaim agus sa mhúineadh agus d'fhreastail na mílte múinteoirí ar chúrsaí forbartha gairmiúla ar bhonn deonach mar chuid de chlár na Roinne do TFC i scoileanna – cláir a luadh níos túsce sa tuarascáil. D'fhreastail múinteoirí eile, ar a

gcostas féin, ar chláir agus ar chúrsaí múinte – múinteoirí a bhfuil cónaí orthu gar d'ollscoileanna agus do choláistí. Ach níl an cur chuige seo inbhuanaithe go fadtréimhseach ná ní chinnteoidh sé go bhfaighidh gach múinteoir an oiliúint agus an tacaíocht riachtanach chun úsáid éifeachtach agus chomhsheasmhach a bhaint as teicneolaíochtaí mar chuid dá gcleachtas múinte.

Mar sin féin, go dtí seo, is beag atá déanta ag cláir inseirbhíse ar leibhéal bunscoile chun TFC a chomhtháthú. Luaitear an méid seo a leanas san athbhreithniú a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005) *“the potential of ICT to support the aims and objectives of the Primary School Curriculum should be further exemplified for teachers, to support the development of children’s concepts and skills in all subjects”*.

Ag an gcéim réamh-sheirbhíse, tá difríocht le sonrú i bhfócas agus i dtosaíocht chomhtháthú TFC. Ardaítear ceisteanna maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus tacú le hoideachas TFC idir agus i measc soláthraithe ag an tús (IFUT, 2000). De bhrí nach ann d’fhís soiléir agus comhordú TFC i bhfoghlaim agus múineadh, in a lán cásanna, breathnaítear ar TFC mar ghné bhreise a chuirtear le clár réamh-sheirbhíse nó uirlis roghnach nó modúl curaclaim seachas príomhghné de sheachadadh curaclaim. Cé gur ann do na tosca seo, tógfaidh sé níos mó ama dul chun cinn a dhéanamh.

Tá éagsúlacht mhór le sonrú san oiliúint agus sna tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí Comhordaithe TFC i scoileanna éagsúla. Ní mór an ról seo – atá ríthábhachtach i ndáil le húsáid agus le comhtháthú TFC – a shainmhíniú in athuair, a leathnú agus an méid tacaíochta a fheabhsú.

I ndáil le tacú le múinteoirí TFC a chomhtháthú sa seomra ranga, tagraítear i gCreatlach TFC de chuid an NCCA *“offers schools a structured approach to ICT in curriculum and assessment by identifying learning outcomes (knowledge, understanding, skills and attitudes) for ICT that students should attain by the end of compulsory education”*. Soláthraítear múinteoirí le *“cross- curricular scaffold for planning and teaching with ICT”*.

In achomair: tá gá le creatlach iomlán chun na scéimeanna agus cláir náisiúnta d’oideachas TFC múinteoirí a thabhairt le chéile. Baineann sé seo leis na céimeanna tosaigh agus leis na céimeanna ionghairme araon. Ba cheart go mbeadh deachleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta ag tacú le forbairt na creatlaí seo. Tá ról lárnach ag oideachas agus ag forbairt múinteoirí in idirghabhálacha rathúla náisiúnta TFC i suíomhanna eile ar fud an AE.

2.3 Bonneagar, teicneolaíocht agus nuálaíocht

De bharr easpa infheistíochta sa bhonneagar TFC tá scoileanna in Éirinn i bhfad ar cúl i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip (OECD, 2006). In a lán de na haighneachtaí agus láithreoireachtaí leagadh béim ar an laghdú atá tagtha ar thoilteanas agus ar inspreagadh i measc múinteoirí, leanúint ar bhonn gníomhach le gníomhaíocht TFC agus is cinnte go bhfuil deacrachtaí le daoine ar éirigh leo méid áirithe dul chun cinn a dhéanamh. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar an leibhéal machnaimh agus cleachtais nuálaíochta laistigh de scoileanna. Ciallaíonn sé freisin go bhfuil sé níos deacra tionchar agus torthaí a leithéid d’idirghabhálacha a mheas, idirghabhálacha ar nós líonra leathanbhanda na scoileanna.

Bhain suntas le roinnt gnéithe nuálacha i gcur chun cinn TFC inár scoileanna faoin dá chlár Rialtais a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo – cláir a bhain le húsáid TFC i scoileanna agus tionscnamh leathanbhanda na scoileanna ina dhiaidh sin. Ina measc seo bhí maoiniú agus tacaíocht d’obair cheannródaíoch cosúil leis an Tionscadal um Chomhtháthú na Scoileanna

TFC i scoileanna – an comhthéacs reatha

(SIP) agus, le déanaí, acmhainní saibhre meáin a fhorbairt i gcomhar le RTÉ agus dreamanna eile – acmhainní cosúil le SciSpy agus I Am An Artist.

Bhí sé deacair leanúint leis an dul chun cinn a rinne SIP agus tionscnaimh phíolótacha eile de bhrí nach raibh an maoiniú, an trealamh ná na tacaíochtaí cuí ar fáil. Chothaigh na tionscadail seo dearcadh cumhachtach ar nuálaíocht – is é sin nach bhfuil an oiread sin béime ar chumadóireacht sa réimse nuálaíochta agus go bhfuil níos mó béime ar smaointe agus teicneolaíochtaí ceannródaíoch a thabhairt le chéile ar bhealaí a dhéileálann leis na ceisteanna a ardaítear i ndáil le teagasc agus le foghlaim sa sochaí feasachta.

Bunaithe ar an dearcadh seo, is éard atá i gceist le nuálaíocht cruthaitheacht bunaithe ar eolas faoi smaointe agus faoi theicneolaíochtaí nua. I gcás múinteoirí, féadfaidh siad leas a bhaint as an tuiscint atá acu ar nuálaíocht mar mhodh le freagairt d'athrú agus athrú a atreorú ar leibhéal pearsanta agus ar leibhéal na scoile. Ach teastaíonn rochtain ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, mar aon leis an deis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus an poitéinseal a bhaineann leo i gcúrsaí oideachais.

Cé go bhfuil teicneolaíocht níos soghluaiste ná mar a bhí, tá deighilt shuntasach nach bhfuil mórán ar eolas faoi idir an teicneolaíocht a úsáidtear laistigh agus lasmuigh den scoil. Trí leas a bhaint as feistí ríomhaireachta níos saoire agus gnéithe de Web 2.0, tá scileanna nua á ngnóthú agus á bhfoghlaim ag mic léinn. Is é an dúshlán atá ann do scoileanna ar fud na tíre teacht ar bhealaí oiriúnacha agus struchtúrtha chun na scileanna agus teicneolaíochtaí na mac léinn a ionchorprú mar chuid den fhoghlaim phríomhshrutha.

Tá pobail áirithe ann nach bhfuil teacht acu ar TFC ar bith sa bhaile. Is ann don deighilt digiteach seo go fóill. Ba cheart don Roinn leanúint leis na tacaíochtaí dearfacha TFC a sholáthar do scoileanna sna pobail seo.

Cé go bhfuil an teicneolaíocht níos soghluaiste, tá deighilt shuntasach idir an teicneolaíocht a úsáidtear laistigh agus lasmuigh den scoil

D'fhonn ullmhú do rolladh amach deontas leathanbhanda na Roinne i 2005, cuireadh deontais ar fáil do gach scoil chun líonra ríomhaireachta a shuiteáil agus a nuashonrú d'fhonn dáileadh leathanbhanda ar fud na scoile a éascú. Chinntigh comhpháirtíocht shainiúil idir an ROE, Telecommunications and Internet Federation (TIF) agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) go raibh sé indéanta leathanbhanda a sholáthar do gach scoil. Bhí a lán scoileanna den tuairim gur forbairt dhearfach a bhí anseo. Is léir anois, áfach, nach bhfuil an leibhéal idirlín atá á sholáthar trí leathanbhanda feiliúnach chun riachtanais scoileanna a chomhlíonadh, de bhrí nach bhfuil an bandaleithead feiliúnach agus go bhfuil cóimheasa arda coimhlinte ann a chiallaíonn go bhfuil rochtain ilúsáideoirí míphraiticiúil agus go deimhin dodhéanta i gcásanna áirithe. Cé gur iarmhairt de nádúr deighilte an bhonneagair náisiúnta leathanbhanda ilroinnte é caighdeán agus infhaighteacht leathanbhanda, cuireann soláthar míshásúil bandaleithid i scoileanna bac ar mhúinteoirí agus ar mhic léinn úsáid a bhaint as acmhainní digiteacha ar líne mar chuid laethúil de shaol na scoile.

In achomair: tá athrú réasúnta rathúil déanta ar TFC a bhaineann le hoideachas in a lán scoileanna mar thoradh ar chlár infheistíochta TFC Rialtais. Ach níl dul chun cinn déanta ar fud an chórais ar fad agus is minic go mbíonn easpa doimhneachta agus leanúnachais i bhforbairt athfhillteach agus tacaíocht airgeadais. Ní mór teacht ar bhealaí le déileáil go héifeachtach le hathrú TFC agus na dúshláin a bhaineann leis sin. Ina theannta sin, ní mór infheistiú i smaointeoireacht nuálaíoch a chothú agus ní mór suímh píolótacha a fhorbairt agus clár a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne.

3 An todhchaí

3 An todhchaí

Cuireann an rannóg seo den tuarascáil moltaí ar fáil maidir le conas ar chóir scoileanna pleananna a dhéanamh don phróiseas chun iad féin a chlaohlú go timpeallachtaí ríomhfhoghlama diongbháilte. Beidh pleanáil rianúil de dhíth chun an tionchar uasta ón straitéis TFC atá beartaithe do scoileanna a chinntiú. D'aithin an Grúpa Straitéise roinnt mhaith fachtóirí criticiúla don fhorbairt de chultúir ríomhfhoghlama i scoileanna. Tarraingítear iad seo ó dheachleachtas idirnáisiúnta agus ó eispéiris scoileanna na hÉireann a bhfuil stádas Scoil Digiteach (www.digitalschools.ie) bainte amach acu agus forfheidhmiú TFC rathúil eile thar na blianta.

3.1 Ag cruthú timpeallachtaí ríomhfhoghlama ceannródaíocha

Beidh ar ár scoileanna cúnaimh a fháil agus a bpleananna ríomhfhoghlama á fhorbairt acu sula urraíonn siad maoiniú atá bainteach le TFC. Cé nach féidir, sa tuarascáil seo, cur síos a dhéanamh, i ngach chaoi, ar na tréithe deimhneacha de phleanáil TFC rathúil do scoileanna, ba mhaith leis an nGrúpa Straitéise na breathnuithe seo a leanas a dhéanamh, ar chóir, i dtuairim an Ghrúpa, cabhrú le polasaí amach anseo sa réimse seo a chur ar an eolas agus forbairt na bpleananna ríomhfhoghlama ag scoileanna a threorú.

Ceanaireacht

Tá ceannaireacht agus fíís láidir ríthábhachtach le TFC a leabú i scoileanna. Ní mór do gach scoil, faoi cheannas an phríomhoide agus tacaíthe ag an múinteoir Comhordaithe TFC, a ndícheall a dhéanamh i dtreo comhordú TFC éifeachtach na scoile uile agus ba chóir dó seo dul ar aghaidh mar thaithí foghlama coincreíte do na daltaí. Ní mór do cheannairí scoile TFC a aithint mar phríomh ghníomhaire cumasaithe i gcabhrú le múineadh agus foghlaim, á comhtháthú chomh fada agus is féidir gan uaim isteach sa lá scoile.

Ní mór do cheannairí scoile díriú ar a gcuid riachtanaís CPD, agus riachtanaís a gcuid foirne, agus ba chóir dóibh úsáid mhaith a bhaint as na tacaí atá ar fáil dóibh ón NCTE agus ó fhoinsí eile. Ina theannta sin, ba chóir dóibh áis a bhaint as aon shaineolas atá le fáil sna pobail áitiúla agus níos faide amach uathu chun a chinntiú go bhfuil lán tacaíocht an phobail acu dá dtionscnaimh TFC.

Fíís lán-scoile

Aithníonn fíís lán scoile acmhainneacht an TFC chun daltaí a spreagadh agus chun timpeallacht foghlama comhoibríoch idirghníomhach a chothú sa scoil. Tá meas aige ar, agus déanann sé a ndícheall teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá bainteach le foghlaim na 21ú aoise a chur san áireamh, go háirithe iad siúd ar féidir scileanna cuí na foghlama fadsaoil a chur ar fáil do dhailtaí.

Ba chóir do scoileanna coiste TFC scoile a chruthú a dhéanfaidh comhtháthú TFC a phleanáil agus a threorú agus a oibreoidh i gcomhar leis an scoil chun comhfhíís lán scoile a fhorbairt. Ní mór don fhíís seo aitheantas a thabhairt don chumas chun dul i dteagmháil le daltaí trína stíleanna agus taithí foghlama thar réimse clár teicneolaíochta. Ba chóir dó spriocanna insroichte a leagadh amach, ag cur TFC in ord tosaíochta mar mhodheolaíocht idirghníomhach in ionad modheolaíocht neamhspleách. Beidh pleanáil agus comhoibriú fadtéarmach de dhíth ó ghnéithe den chomhfhíís lán scoile agus ba chóir do cheannairí scoile féachaint ar an bhfíís mar eilimint atriallach leanúnach de phleanáil scoile.

Cultúr TFC

Nuair atá ceannaireacht agus comhordú éifeachtach i bhfeidhm, is féidir le cultúr TFC scoile inbhraite teacht chun cinn, ceann a aithníonn agus a úsáideann TFC mar chuid lárnach de shaol na scoile. Ní mór do scoileanna a ndícheall a dhéanamh chun leas a bhaint as taití na ndaltaí agus a úsáid TFC lasmuigh den scoil ós rud é go gcruthaíonn sé seo naisc chumhachtacha idir TFC sa seomra ranga, sa bhaile agus sa saol níos leithne. Ba chóir do cheannairí scoile cumas an TFC a shaothrú d'fhonn cumarsáid a fheabhsú idir an bhaile agus an scoil agus chun cur le forbairt eagrúcháin agus pleanáil na scoile. Ligeann roinnt tionscnaimh ROE do scoileanna úsáid rathúil a bhaint as TFC cheana féin ar chúiseanna riaracháin ag leibhéal iarbhunscoile.

Forfheidhmiú curaclaim

Braitheann comhtháthú an TFC sa scoil go mór ar a forfheidhmiú curaclaim rathúil. Ní mór do scoileanna glacadh le cur chuige foghlaimoír-lárnach, in ionad cur chuige teicneolaíocht-lárnach, i leith TFC d'fhonn torthaí foghlama dearfacha a chruthú. Ní mór aitheantas a thabhairt d'idirdealú éifeachtach trí TFC agus trína ról oiriúnaithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, agus ní mór é a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart TFC a úsáid gan uaim laistigh den churaclam sa bhunscoil agus san iarbhunscoil araon. Ní mór daltaí a spreagadh chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht i slí ilghruach, chun taighde a dhéanamh ar a gcuid ábhair agus iad a neartú, a gcuid eolais a chur i láthair trí na hilmheáin, físeán digiteach agus, ar deireadh, obair tionscadail phearsanta a chur isteach le haghaidh measúnú oifigiúil mar chuid de na scrúduithe stáit.

Réadú ríomhfhoghlaim agus comhtháthú TFC

Braitheann comhtháthú ráithiúil na TFC i múineadh agus i bhfoghlaim ar chur chuige pleanáilte agus comhordaithe, le baint ag an bhfoireann go léir agus faoi cheannaireacht láidir ag gach leibhéal. Ní mór do scoileanna rochtain a bheith acu ar na tacaí agus acmhainní riachtanacha d'fhonn a bplean agus a bhfís TFC ag an leibhéal áitiúil a chur i bhfeidhm ina iomlán. Tá cúnamh de dhíth orthu i bhforbairt na bpleananna ríomhfhoghlama a thabharfaidh tacaíocht agus treoir d'fhoghlaim atá dírithe ar an mac léinn agus a fhreastalaíonn ar athrú agus athbhreithniú.

Beidh ceannaireacht, am, infheistíocht agus polasaí atá sáithithe le fíis de dhíth ó dhearadh agus tógáil chultúir ríomhfhoghlama inár scoileanna a ardóidh iad agus a thabharfaidh treoir dóibh maidir le heascairt ina lárionaid oideachais na 21ú haoise. Ní tasc éasca é seo. Molann an Grúpa Straitéise go dtéann siad siúd go bhfuil sé mar fhreagracht orthu todhchaí ríomhfhoghlama ár gcóras oideachais a sheachadadh i gcomhairle go forleathan le daoine eile, ag lorg comhairle agus ionchur uathu siúd go léir a bhfuil baint dlisteanach acu sa todhchaí seo. Ba chóir go mbeadh obair an Ghrúpa Straitéise seo mar thúsán phróisis seo um chruthú, ní hamháin comhfhios ach comhdhíograis chomh maith, d'fhonn ár scoileanna a athrú go gníomhach i dtimpeallachtaí ríomhfhoghlama na 21ú aoise.

3.2 Ag infheistiú go héifeachtach i TFC in oideachas

Tá feidhmíocht agus fás eacnamaíoch inmhaíthe bainte amach ag Éire le deich mbliana anuas. Ach, d'fhonn an chéad ghlúin eile a ullmhú chun cur leis an rath eacnamaíoch leanúnach agus chun páirt a ghlacadh sa sochaí nua atá bunaithe ar fheasacht, tá infheistíocht TFC substaintiúil agus straitéiseach ag teastáil go práinneach anois inár scoileanna.

Is forbairt an-fáilteach í dáileadh an €252 milliún ón maoiniú PFN, méadaithe ag na cistí agus tacaí breise a léiríodh don Ghrúpa Straitéise ag an ROE. Ligfidh sé do scoileanna a bheith bainteach le TFC arís agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo comhtháthaithe TFC agus úsáid teicneolaíochtaí agus uirlisí digiteacha.

I dteannta leis an infheistíocht PFN meastar go gcuirfear €85 milliún sa bhreis ar fáil le haghaidh soláthar TFC i scoileanna ó Aonad Tógála na ROE agus foinsí eile laistigh den ROE.

Le chéile, seasann siad seo do chaiteachas poitéinsiúil de thart ar €337 milliún. Is infheistíocht substaintiúil í seo agus beidh tionchar suntasach aici. Mar sin féin, toisc líon na scoileanna agus na ndaltaí agus na leibhéal TFC eiseacha, ceapann an Grúpa Straitéise nach bhfuil sé cuí maoiniú a thabhairt do dhul chun cinn thar bunlíne soláthair TFC inghlactha. Beidh tuilleadh infheistíochta de dhíth i dtreo is go mbeidh ár scoileanna ag meán leibhéal an AE maidir le soláthar TFC sna blianta atá le teacht.

Maidir lenár sainchúram chun comhairle a thabhairt i dtreo agus go n-uasmhéadaítear tionchar na gcistí mar atá sainithe thuas, táirgimid na moltaí seo a leanas.

Braitheann na moltaí seo ar roinnt mhaith príomh-fhoshuímh:

Ar an gcéad dul síos, go bhfuil seachadadh straitéiseach agus tráthúil na n-acmhainní seo trasna na réimsí TFC go léir i scoileanna riachtanach agus indéanta araon. Tá cuid mhaith de na saincheisteanna a pléadh sa tuarascáil seo idirspiléach ar a chéile agus beidh pleanáil chúramach agus tuilleadh maoinithe de dhíth orthu.

Ar an dara dul síos, go mbeidh Aonad Polasaí TFC na ROE in ann comhordú le hAonad Tógála na Roinne d'fhonn leibhéal agus amanna a shocrú agus chun a chinntiú go dtarlaíonn an fhorbairt bhonneagrach TFC breise seo de réir a sceideal tógála agus oibre forbartha.

Ar deireadh, is é an cuspóir níos fadtéarmaí ná go mbeadh TFC mar chuid gan uaim den oideachas i scoileanna na hÉireann agus go mbraitheadh múinteoirí atá lán oilte i TFC go bhfuil tacaíocht agus acmhainní cuí á fháil acu dá úsáid.

Is dúshlán casta agus ilgheallsealbhóra é seo nach féidir a bhaint amach ach amháin má tá socruithe cuí i bhfeidhm ón tosach chun lígean do na rannpháirtithe go léir sa dúshlán seo cur go mór leis an bpróiseas a dhearadh agus a chur ar aghaidh.


3.3 Spriocanna infheistíochta TFC 2008-2013

Is é bunchuspóir an chomhtháthaithe TFC i scoileanna ná timpeallacht foghlama a éascú agus a chur chun cinn a bhaineann buntáiste iomlán as an teicneolaíocht i múineadh agus i bhfoghlaim agus a spreagann na daltaí go léir eascairt ina bhfoghlaimoírí diongbháilte, féinriartha – cumais a bheidh luach acu orthu i rith a saoil go léir. Tá infheistíocht i bpríomhréimsí idircheangailte atá aitheanta go forleathan (féach Figiúr 1) *le riachtanais an fhoghlaimeora mar chroílár na gcinntí go léir.*

Figure 1: TFC a chomhtháthú le hoideachas foghlaimeoir-lárnach

Is í tuairim an Ghrúpa Straitéise ná go laghdófar an tionchar agus na torthaí don fhoghlaimeoir má thugtar aghaidh ar aon réimse amháin ina aonar. Agus táimid den tuairim chéanna go gcabhróidh tóraíocht mharthanach gníomhach de na prionsabail leathana seo a leanas go mór chun cultúr ríomhfhoghlama cumhachtach, foghlaimeoir-lárnach a bhaint amach sa tír seo:

- >> Gach scoil a chumasú go digiteach, trí an soláthar de bhonneagar, trealamh TFC agus seirbhísí idirlín leathanbhanda cuí agus oiriúnach
- >> Ceannaireacht, cruthaitheacht agus fíis do chomhtháthú TFC i scoileanna a spreagadh agus a thacú
- >> Freastal ar riachtanais forbartha ghairmiúla TFC na múinteoirí agus iad a thacú chun úsáid éifeachtach a bhaint as TFC ina gcuid múineadh



- >> Rochtain a thabhairt do mhúinteoirí agus dhaltaí d'ábhar digiteach atá bainteach leis an gcuraclam agus na huirlisí digiteacha cuí.

Tá na spriocanna atá leagtha amach sa tuarascáil seo dírithe ar an todhchaí agus tabharfaidh siad scoileanna na hÉireann ar aghaidh ar bhealach as a dtiocfaidh scoileanna ríomhchumasaithe ar deireadh, ach a athróidh i mbéim agus treoshuíomh thar saolré an PFN agus ina dhiaidh toisc forbairtí teicniúla agus forbairtí sa churaclam.

Fachtóirí ratha criticiúla

Tá fachtóirí ratha criticiúla áirithe ag leibhéal an chórais riachtanach chun infheistíocht éifeachtach a bhaint amach agus chun fás i gcomhtháthú na TFC i scoileanna a chothú. Is iad seo a leanas na cinn is tábhachtaí atá ina measc:

- >> Bonneagar TFC a sholáthar lena n-áirítear leathanbanda, tacaíocht theicniúil agus líonra scoile atá iontaofa, ar fáil nuair is gá, éasca le húsáid agus inmharthana
- >> TFC a leabú go luath i bpróiseas na forbartha agus forfheidhmithe curaclaim
- >> Forbairt ghairmiúil a sholáthar i gcomhtháthú na TFC i gcleachtas oideolaíoch do mhúinteoirí i ngach leibhéal an chórais
- >> Meicníochtaí chun múnlaí deachleachtais a scaipeadh agus cleachtas éifeachtach agus nuálaíoch idir scoileanna a thacú
- >> Ceannaireacht straitéiseach a thacú ag na leibhéil go léir, go háirithe laistigh de scoileanna
- >> A dhóthain ábhair digiteach idirghníomhacha a sholáthar agus uirlisí cruthaithe ábhair chun go mbeadh foghlaimoirí bainteach agus tacaíthe agus múinteoirí a chumhachtú ina ról athraitheacha.

In achomair: ba chóir go soláthróidh bonneagar na TFC i scoileanna, leibhéal rochtana inmhiannaithe do mhúinteoirí agus do dhaltaí chun acmhainní digiteacha ó aon réimse foghlama sa scoil a úsáid agus a roinnt.

Ós rud é go bhfuil trealamh nua agus tacaíocht teicniúil de dhíth ar scoileanna go práinneach, molann an Grúpa Straitéise go bhfreastalófar ar an ngá seo trí mheán infheistíocht a thús-ualú sa chéad trí bliana de thréimhse an PFN. Ina theannta sin, tá géar ghá le bogadh i dtreo cultúr ríomhfhoghlama leabaithe ar mhaithe le comhtháthú agus comhoibriú idir na príomhpháirtithe agus gníomhaireachtaí oideachais. Beidh comhordú Idir-Rannach de dhíth, go príomha chun leathanbanda cuí a sheachadadh chuig scoileanna. Ba chóir comhairle ó pháirtithe ábhartha a éascú trí mheán meicníochtaí comhairliúcháin cuí.



4 Cuspóirí agus moltaí tosaíochta d'infheistíocht TFC

4

Cuspóirí agus moltaí Tosaíochta d'infheistíocht TFC

Aithníonn an chuid seo den tuarascáil cuspóirí inmhianaithe le pointí tionlacain na díospóireachta agus imlínítear na moltaí a socraíodh maidir le seacht bpríomhréimsí. Cuireann an Grúpa Straitéise ráitis na dtosaíochtaí le haghaidh infheistíocht le maoiniú ceangailte ar fáil. Áiríonn sé seo miondealú an mhaoinithe atá léirithe le bheith ar fáil thar saolré an tionscnaimh.

4.1 Forbairt ghairmiúil leanúnach

Cuspóir 1: A chinntiú go ngnóthaíonn múinteoirí na cumais chun úsáid fhiúntach a bhaint as TFC ina gcuid oibre.

Plé

Tá forbairt ghairmiúil an mhúinteora ag croílár an chomhtháthaithe TFC rathúil i scoileanna. Léiríonn tionscnaimh a rinneadh le déanaí san Ísiltír, san Fhionlainn, i dTuaisceart Éireann agus i dtíortha eile gur príomhfhachtóirí iad forbairt agus tacaíocht ghairmiúil do mhúinteoirí, mar aon le spreagadh pearsanta na múinteoirí, i gcur chun cinn an chomhtháthaithe TFC. In Éirinn, tá rannpháirtíocht na múinteoirí i gcúrsaí forbartha gairmiúla a bhaineann le TFC, atá deonach ó 1998 i leith, ard go seasta. Déanann tuarascáil an AE *Benchmarking Access and Use of ICT in European Schools (2006)* toilteanas ginearálta múinteoirí na hÉireann chun TFC a ghlacadh a dhaingniú. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim eile ná áis a bhaint as an fhreagracht ginearálta seo trí na deiseanna forbartha gairmiúla is fearr gur féidir a chur ar fáil do mhúinteoirí. Ba cheart CPD agus tacaíochtaí sainiúla a chur ar fáil do phríomhoidí agus do mhúinteoirí Comhordaithe TFC scoile mar sheaimpíní an chomhtháthaithe TFC i scoileanna.

Daingníonn tuarascálacha a rinne Cigireacht na ROE agus NCCA araon le déanaí ar CPD agus chaighdeán go bhfuil gá ann d'idirghabháil ar leibhéal difriúla an chórais ag baint úsáide as raon chur chuige, atá córas-riartha, scoil-bhunaithe nó clachan-bhunaithe, le riachtanais na múinteoirí ag croílár gach ceann acu. Tá béim na TFC CPD anois go daingean ar úsáid oideolaíoch na TFC i múineadh agus i bhfoghlaím. Tá forbairt ghairmiúil de dhíth ar mhúinteoirí chun úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a leabú laistigh dá ábhair. Cabhróidh forfheidhmiú chreatlach TFC an NCCA le haghaidh daltaí agus múinteoirí le forbairt ghairmiúil TFC atá bainteach leis an gcuraclam a aithint.

Moltaí 4.1

1. Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta creatlach a tharraingt suas le haghaidh TFC CPD ina n-áiríonn na seirbhísí tacaíochta go léir comhtháthú TFC mar phríomheilimint dá gclár forbartha ghairmiúla do mhúinteoirí. Go dtí seo, ní raibh TFC mar chuid ó riachtanas de CPD agus glacadh léi go minic mar fhomhachnamh nó mar mhachnamh post facto. Ba cheart an chreatlach a tharraingt suas i gcomhar le Rannóg Oideachais na Múinteoirí (TES) den ROE, ba cheart don NCCA agus an NCTE foráil a dhéanamh do chomhtháthú TFC mar eilimint ríthábhachtach den inseirbhís go léir le haghaidh curaclaim/siollabais nua agus leasaithe. Agus comhtháthú TFC á chur ar aghaidh ba cheart don NCTE oibriú níos dlúithe

leis na príomhthionscnaimh agus cláir lena n-áirítear An Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (PCSP), tionscnamh um Fhorbairt Ceannaireachta do Scoileanna (LDS), an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéil (SLSS), an Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile (SDPI) agus an Tacaíocht um Phleanáil Forbartha Scoile (SDPS). Ba cheart buiséadú a dhéanamh ar seo mar chuid d'fhoráil TES.

2. Ba cheart go mbeadh TFC leabaithe, ón tosach, i ndearadh agus seachadadh na gclár inseirbhíse go léir le ham tugtha do leideanna amhairc oideolaíoch na teicneolaíochta. Tá sé léirithe cheana féin ag fianaise ó stair inseirbhíse iarbunscoile na staire agus na tíreolaíochta, a chur an cur chuige seo i leith an TFC in oiriúint, comhtháthú na TFC atá méadaithe go mór ag múinteoirí ina seomraí ranga.
3. Ba cheart go mbeadh tionscnaimh fhorbartha gairmiúla na scoile uile maidir le húsáid chomhtháite na dteicneolaíochtaí digiteacha mar eilimint riachtanach de CPD scoilbhunaithe go léir. Tá tionchar mór ag CPD inscoile ar thuiscint na bhfoirne faoi ról na TFC a fheabhsú agus conas planáil a dhéanamh d'úsáid na TFC i gcomhthéacsanna múinte comónta. Tugann cláir dá leithéid spreagadh do cheannaireacht, do chomhoibriú agus d'úinéireacht laistigh d'fhóireann na múinteoirí agus bainfidh siad le cúinsí ar leith na scoileanna. Thug taighde san Eoraip le fios go ndéanann foirne i scoileanna, nuair atá CPD atá maoinithe go cuí agus dea-thacaithe acu, dul chun cinn mór i dtreo TFC a leabú sa mhúineadh agus san fhoghlaim.
4. Ba chóir go mbeadh múnlaí soláthair sholúbtha inoiriúnaithe a bheith ar fáil chun ligean do mhúinteoirí gabháil faoi fhorbairt ghairmiúil pé áit agus am a oireann dóibh. Ba cheart go mbeadh rochtain éascaithe do na múinteoirí go léir, bíodh siad i scoileanna tuaithe nó uirbeacha. Ba cheart seachadadh ar líne na forbartha gairmiúla TFC bunaithe a leathnú.
5. Ba cheart tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na bpobal cleachtais i measc múinteoirí chun roinnt na modheolaíochtaí agus ábhar a spreagadh i gcomhréir le forbairt agus VLEanna Web 2.0.
6. Ba cheart leanúint ag soláthar forbairt ghairmiúil TFC lasmuigh de láthair na scoile, go háirithe i Lárionaid Oideachais. Baineann mórán múinteoirí leas fós as an múnla soláthair as scoile seo a ligeann don tumoideachas i réimsí spéise áirithe ar nós na meáin digiteacha. Solathraítear timpeallacht chomhoibritheach chomh maith ina dtarlaíonn foghlaim agus roinnt idir lucht na comhaoise.
7. Ag an mbunleibhéal, tá seirbhís chuiditheoireachta de chuid an PCSP do scoileanna tábhachtach go straitéiseach d'fhonn comhtháthú na TFC i gcuraclam na bunscoile a thacú agus a chur chun cinn. Ní mór do chomhairle agus tacaíocht an chomhtháthaithe TFC a bheith mar chuid dá seirbhísí do scoileanna. Iarrfaidh an tseirbhís chuiditheoireachta ar CDP a thuiscint ar TFC agus a gcumais TFC a mhéadú d'fhonn úsáid na TFC a thacú agus a chur chun cinn sna réimsí curaclaim éagsúla.
8. Ba cheart cláir forbartha ghairmiúla a chur ar fáil do phríomhoidí chun tacaíocht a thabhairt dá ról ceannaireachta i gcomhtháthú na TFC ina gcuid scoileanna. Ba cheart go mbeadh cumhachtú na ceannaireachta scaipthe i gcomhtháthú na TFC i scoileanna trí mheán tacaí feabhsaithe do phríomhoidí na scoileanna mar phríomh thacadóirí ar chomhtháthú TFC i gcroílár an ghnímh seo.
9. Ní mór cláir agus tacaí forbartha gairmiúla sainiúla a chur ar fáil do Chomhordaitheoirí TFC Scoile. Tá múinteoirí atá i gceannas an ról seo i scoileanna den tuairim cheart go bhfuil an oiliúint agus tacaíochtaí ábhartha ag teastáil. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ról straitéiseach na gComhordaitheoirí TFC agus é feabhsaithe ag an scoil chun a chinntiú go gcuimsítear cur chun cinn gníomhach agus tacaíocht an lucht chomhaoise maidir le comhtháthú TFC ar fud a gcuid scoileanna.

10. Ba cheart leanúint ar aghaidh le cur chuige comhoibríoch i leith forbairt na gcúrsaí TFC agus acmhainní múinte le gníomhaireachtaí eile, agus nuair is cuí, le tionscal. I measc samplaí reatha tá tionscadail chomhoibrithe i dteannta le Intel, Discover Science and Engineering, Microsoft, IBM agus Teachnet.
11. Ba cheart sainmhíniú soiléir a thabhairt ar bhealaí creidiúnaithe agus ba cheart go mbeadh siad comhaontaithe le soláthraithe tríú leibhéal chun a chinntiú gur féidir le cúrsaí CDP nó modúil TFC creidmheasanna a charnadh i dtreo cáilíochtaí iarchéime.
12. Ag an leibhéal réamh-sheirbhíse, ní mór do mhúinteoirí nua-cháilithe meas mór a bheith acu ar chumas na TFC i seachadadh an churaclaim agus rochtain a bheith acu ar na háiseanna TFC cuí chun a bheith inniúil in úsáid na TFC. Leathnaíodh áiseanna i roinnt Coláistí Oideachais agus Ranna Oideachais thar na blianta. Tá lárionaid na meán digiteacha atá dírithe ar tháirgeadh TFC de dhíth ar na coláistí seo anois a ligfidh do mhúinteoirí nua scileanna praiticiúla a fháil um dhearadh agus táirgeadh acmhainní digiteacha agus na modheolaíochtaí chun iad a chomhtháthú ina gcuid múinte. Tá sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar riachtanais acmhainne TFC na soláthraithe seo maidir le hoideachas na céad glúine eile de mhúinteoirí.

Tá sé riachtanach go gcoimeádann na daoine siúd go léir atá bainteach i bhforbairt ghairmiúil an mhúinteora cur chuige dinimiciúil i leith an dearaidh agus an seachadta. De réir mar a mhéadaíonn eolas, tuiscint agus muinín na múinteoirí in úsáid na TFC, caithfidh cláir forbartha ghairmiúla claochlú chun freastal ar a riachtanais athraitheacha. Tá na moltaí seo mar bhunús na réadúlachta seo.

4.2 Ábhar digiteach agus bogearraí um fhoghlaim agus múineadh

Cuspóir 2: A chinntiú go bhfuil soláthar cuí d'acmhainní foghlama agus múinte digiteacha nuálaíocha, ar ardchaighdeán, atá bainteach le curaclam na hÉireann, ar fáil do mhúinteoirí agus do dhhaltaí i ngach leibhéal.

Plé

Tá an próiseas foghlama tógtha ar phróiseas cioglach trína ndéantar ábhar ina mórán cineálacha éagsúla a mhalartú idir an foghlaimeoir agus an múinteoir. Tá rochtain chuig ábhar digiteach agus uirlisí um chruthú ábhair dhigiteacha ábhartha, tarraingteach agus oideachasúil de dhíth ar na scoileanna go léir. Cuireann rolladh amach an leathanbhanda deis níos fearr ar fáil chun raon leathan acmhainní foghlama a sheachadadh go díreach do mhúinteoirí agus do dhaltaí i ngach scoil. Thug mórán de na haighneachtaí chuig an Grúpa Straitéise le fios gur cúis imní í easpa na hinfhaighteachta d'ábhar digiteach ábhartha do mhúinteoirí atá faoi bhrú ama agus ar mian leo TFC a chomhtháthú ach a fhaigheann amach go mbíonn soláthar teoranta ar fáil dóibh go minic. Is é ábharthacht go curaclam na hÉireann an phríomh-shlat tomhais. Is léir go bhfuil cothromaíocht de dhíth idir acmhainní ábhair digiteacha as-líne, ábhar ar-líne agus uirlisí um chruthú ábhar ar-líne a chur ar fáil, a ligeann do mhúinteoirí agus do dhaltaí a ábhar foghlama agus múinte féin a roinnt. Cuireann úsáid na dtimpeallachtaí foghlama ar-líne, VLEanna agus suímh ghréasáin na scoile deiseanna ar fáil chun ábhar a thógáil agus a roinnt. De réir mar atá imlínithe i *Digital Content Strategy* de chuid an NCTE, is iad na trí cur chuigí is éifeachtaí a úsáidtear chun linn ábhair a bhunú do scoileanna ná “*procure, build and share*”. Tá saineolas an mhúinteora fós i gcroílár na forbartha d'ábhar digiteach do scoileanna na hÉireann. Leis na tacaíochtaí cearta agus na huirlisí um chruthú ábhair, is féidir le mhúinteoirí Éireannacha cur go mór le linn ábhair den scoth a chruthú do churaclam na hÉireann.

Moltaí 4.2

1. Ní mór Scoilnet (www.scoilnet.ie), an lárshuíomh le haghaidh oideachas na hÉireann a leathnú, d'fhonn leabharlann dinimiciúil uilechuimsitheach d'ábhar lipéadta a bhaineann le curaclam na hÉireann chun rochtain éasca chuig acmhainní curaclaim ar líne a chinntiú. Ina theannta sin, ba cheart do Scoilnet rochtain ar líne chuig uirlisí um chruthú ábhar ar líne, lárshuímh foghlama, go háirithe iad siúd a thugann tacaíocht do agus a spreagann comhoibriú roinnt an ábhair ar líne i measc múinteoirí agus daltaí m.sh. VLEanna agus seirbhísí eile..
2. Acmhainní ábhair digiteacha a fhorbairt a bhaineann le curaclaim na hÉireann agus a thacaíonn leis, m.sh. French.ie. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an nGaeilge. Tá sé tábhachtach gur féidir le múinteoirí teacht go héasca ar a dhóthain ábhair digitigh.
3. Ábhar digiteach a cheannach go lárnach agus é a scaipeadh go dtí na scoileanna go léir (m.sh. léarscáileanna Shuirbhéireachta Ordanáis Éireann) trí líonra leathanbhanda na scoileanna. Carn ábhar ciclipéideach agus tagartha a chur ar fáil do scoileanna mar acmhainn ildánach do scoileanna.
4. Bunú na bpobal cleachtais ar líne atá sainiúil ó thaobh an ábhair de a éascú, bunaithe ar mhúnlaí rathúla eiseacha. Ardaíonn pobail chleachtais ar líne muinín an mhúinteora agus cabhraíonn siad le hábhar cuí úsáideoir-ghinte um fhoghlaim agus múineadh a thógáil. Treiseoidh úsáid na VLEanna agus comhroinnt an ábhair le gníomhaireachtaí agus grúpaí oideachais eile, infhaighteacht an ábhair digitigh ábhartha in Éirinn.
5. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt leis na comhlachtaí poiblí agus gníomhaireachtaí Éireannacha a bhfuil ábhar cultúrtha agus stairiúil ábhartha acu d'fhonn an t-ábhar luachmhar dúchasach seo a athrú go acmhainní foghlama úsáideacha. Mar shampla, d'éirigh go maith leis an tionscadal treorach “*Look at History*”, a cheangal an t-ábhar digiteach a bhí i gcartlann RTÉ le siollabas stair na hArdeistiméireachta, mar mhúnla comhoibríthe rathúil le hábhar toiliúil á chur ar fáil ar mhaithe úsáide sa seomra ranga.
6. Ba cheart seirbhís Software Central de chuid an NCTE a fhorbairt mar lárionad tacaíochta agus comhairle do scoileanna maidir le húsáid agus ceannachán na mbogearraí, an ábhair digitigh agus na n-uirlisí digiteacha
7. Tacaíocht agus comhairle shainiúil a sholáthar do linnte ábhair digiteacha agus bogearraí do riachtanais oideachais speisialta.
8. Úsáid na mbogearraí/na n-uirlisí ábhair i scoileanna a chur chun cinn d'fhonn spreagadh a thabhairt don fhorbairt áitiúil agus do roinnt an ábhair ag múinteoirí agus daltaí. Cuirfidh forbairtí i dteicneolaíocht an ghréasáin níos mó deiseanna ar fáil d'fhorbairt ábhair níos éasca thar an chéad sé bliana.
9. Úsáid na mbogearraí ó fhoinsí oscailte agus a infheidhmeacht sa mhúineadh agus san fhoghlaim a thaiscéaladh agus a chur chun cinn.
10. Cur le comhaontuithe ceadúnaithe bogearraí eiseacha trí mheán creatlaí ceannacháin a chur i bhfeidhm do bhogearraí atá oiriúnach do scoileanna agus deontais a chur ar fáil do scoileanna chun ábhar agus bogearraí a oireann dá riachtanais a cheannach.

4.3 Trealamh TFC – breise agus ionadaíoch

Cuspóir 3: A chinntiú go mbeidh teicneolaíocht shonrach agus suas chun dáta teagaisc agus foghlama ar fáil do gach scoil in Éirinn.

Plé

Tá sé aicníomhach go bhfuil soláthar crua-earraí ríomhaire agus teicneolaíocht múinte agus foghlama suas chun dáta eile mar réimse tosaíochta le haghaidh infheistíocht. Tá

an trealamh TFC atá ar fáil do mhúinteoirí agus do mhic léinn le húsáid sa seomra ranga neamhleor agus tá an-cuid de as dáta. Níl sé indéanta cultúr ríomhfhoghlama a chruthú agus TFC a chuimsiú isteach sa churaclam gan eolas oiriúnach agus imleoir agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise a bheith ar fáil i scoileanna.

Príomhcheacht a tháinig ó thionscnaimh iartheachacha ná an riachtanas bonneagar imleoir a chothú, ar bhonn fadtéarmach, chun úsáid agus inspreagadh múinteoirí agus mic léinn a chothabháil maidir le TFC a úsáid. Laistigh de dhomhan mórathraithe na teicneolaíochta, tá athnuachan agus ionadú ríomhairí ina riachtanais leanúnacha. Cé go gcuireann an tseirbhís i dTuaisceart Éireann atá bainistithe go lárnach (costas iomlán de bhonn úinéireachta) réiteach éifeachtach ar fáil le haghaidh ionadú trealamh, tacaíocht theicniúil agus uasghrádaithe, tá costas na seirbhíse ag thart ar €74 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh 1200 scoil. Níl réiteach mar seo ina rogha mar gheall ar an gcostas i dteannta leis an méid ama a thógadh sé foráil mar sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, de réir mar atá imlínithe sa tuarascáil seo, is féidir seirbhísí lárnacha agus creatlaí ceannacháin a úsáid go héifeachtach chun réitigh tráthúla, éifeachtúla agus cost-éifeachtúla a sholáthar.

Tá príomhoidí agus múinteoirí tar éis cur chuige níos lárnaí i leith soláthar agus struchtúir phraghsála a lorg chun a chinntiú go bhfaigheann siad an luach ar airgead is fearr ar féidir. Bunaithe ar an leibhéal maoinithe atá ar fáil, ar mholtaí an ROE agus ar chomhairle agus tacaíocht an NCTE ar fhorbairt straitéisí ríomhfhoghlama i scoileanna, is féidir le scoileanna beart a dhéanamh ar na roghanna teicneolaíochta is fearr dá scoil féin agus cinntí oiriúnacha a dhéanamh ar cheannach ag úsáid creatlaí ceannacháin lárnacha.

Maidir le trealamh TFC i scoileanna, tá ceist an caighdeánaithe mar bhreithniúchán tábhachtach agus ardaítear an cheist faoi sholáthar córas tacaíochta teicniúla aonfhoirmeach agus éifeachtach ina dhiaidh sin. Tá trealamh TFC caighdeánaithe agus aonfhoirmeach mar phríomh-eilimint straitéiseach ag na múnlaí tacaíochta teicniúla is éifeachtaí atá i bhfeidhm sa lá atá inniu ann. A éagsúil leibhéal agus raon cumraíocht an trealamh TFC i scoileanna is ea is coimpléascach agus is costasaí réiteach na tacaíochta theicniúil a bheidh riachtanach chun tacú leis. Tiocfaidh cur chuige le tacaíocht níos lárnaí, áit ina bhfuil sonraíochtaí do threalamh nua níos caighdeánaithe agus faoi thionlacan comhairle agus treoir oiriúnach, roimh an-cuid de na hábhair imní seo.

Moltaí 4.3

1. Caithfidh gach scoil rochtain a bheith acu ar shraith bhunlíne inmhianaithe de threalamh TFC agus gléasra digiteacha. Ba cheart go gcuirfeadh na cistí atá dailte amach ar chumas scoileanna a stoc ríomhairí a uasghrádú ionas nach bhfuil na ríomhairí uile in úsáid le breis agus sé bliana faoi cheann 2010. Caithfear éascú a dhéanamh ar scoileanna le bonneagair TFC maithe i bhfeidhm iontu cheana féin le feabhsú breise a dhéanamh ar a dtimpeallachtaí TFC
2. Ba cheart sonraíocht ríomhaireachta réamh-chumraithe a fhorbairt do scoileanna le bogearraí córais oiriúnacha cuimsithe.
3. Ba cheart do scoileanna rochtain ghasta a bheith acu ar chomhairle ar chumraíochtaí oiriúnacha dá gcás scoile féin, mar shampla, ríomhairí pearsanta nó deisce i seomraí ranga, sonrathailgeoirí agus printéirí líonra chomh maith le comhairle ar uasghrádú ar chrua-earraí eiseacha. Ag brath ar mhéid na scoile, ba cheart roinnt mhaith cumraíochtaí agus sonraíochtaí TFC a fhorbairt mar threoirlínte/spriocanna do scoileanna.

4. Tairgeann Cláir Bána Idirghníomhacha (CBIanna) deiseanna do rannpháirteachas daltaí agus idirghníomhaíocht méadaithe i seomraí ranga. Braitheann infheistíocht éifeachtach sa teicneolaíocht seo ar chultúr TFC dearfach eiseach i scoileanna, múinteoirí le taithí acu ar TFC a úsáid sa seomra ranga agus ar leibhéal inmhianaithe eiseach ar rochtain TFC ar fud na scoile. Maidir leis na costais arda reatha a bhaineann le CBIanna beidh sé riachtanach a scaipeadh idir scoileanna a theorannú.
5. Ba cheart go mbeadh creatlach cheannacháin eiseach an rialtais do ríomhairí pearsanta/ríomhairí glúine agus printéirí a bheith ar fáil d'úsáid na scoileanna uile. Ba cheart don Roinn/NCTE creatlaí ceannacháin bhreise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do ghléasra digiteacha roghnaithe cosúil le sonrathailgeoirí, ceamaraí digiteacha agus gléasra digiteacha níos nuaí a bheidh ar fáil do scoileanna sa todhchfaí.
6. Ba cheart do scoileanna leibhéal neamhspleáchais agus rogha a choimeád ina gcinntí ceannacháin deireanacha trí mhion-thairiscintí a eisiúint ar bhonn aonair nó i gclachan áitiúil na scoileanna. Socróidh gach scoil cumraíochtaí ceannacháin TFC oiriúnacha i ndiaidh forbairt agus uchtú a plean ríomhfhoghlama agus le haird mar is cuí tugtha do threoirlínte ROE agus moltaí agus comhairle an NCTE. Ba cheart baránta trí bliana ar a laghad a cheannach mar bhun-chaighdeán le gach ríomhaire pearsanta agus ríomhaire glúine nua. Méadóidh sé seo an cothú teicniúil agus soláthar tacaíochta atá beartaithe.
7. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas fhorbairtí bonneagair scoileanna úsáid agus comhtháthú sábháilte gléasra digiteacha pearsanta na ndaltaí a chuir san áireamh laistigh de thimpeallachtaí múinte agus foghlama amach anseo. Le ham, ba cheart do phleananna ríomhfhoghlama na scoileanna déileáil leis an saincheist seo.
8. Cé go bhfuil ceannairí scoile tar éis córais riaracháin scoile a aithint mar ábhar tosaíochta, ní féidir leis an Grúpa Straitéise tabhairt faoin réimse seo go héifeachtach toisc go luíonn sé lasmuigh dá théarmaí tagartha. Tugaimid faoi deara, áfach, go bhfuil tionscnamh éilimh ar-líne na Roinne mar shampla suntasach do chur i bhfeidhm TFC rathúil ar son cúinsí riaracháin.

4.4 Leathanbhanda agus seirbhísí na scoileanna

Cuspóir 4: A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil ar sheirbhís shonraithe cost-éifeachtúil leathanbhanda a sheachadtar do na réimsí cuí foghlama laistigh den scoil.

Plé

Bhí bunú clár leathanbhanda na scoileanna i 2004 ina chéim shuntasach chun tosaigh do gach scoil. Soláthraíonn an clár forfheidhmithe náisiúnta, a fuair tacaíocht airgeadais ón Telecommunications and Internet Federation (TIF), seirbhís idirlín aonfhoirmeach do gach scoil. Cé gur chuir scoileanna fáilte roimh sholáthar rochtain idirlín leathanbhanda, tá an bandaleithead atá á sholáthar faoi láthair neamhleor i roinnt mhaith cásanna. Tá sé seo fíor ach go háirithe i gcásanna seirbhísí atá seachadta le satailít a dhéanann suas 47% de na scoileanna.

Ag dearbhú tábhacht na rochtana idirlín leathanbhanda i scoileanna, rinne beagnach gach ceann de na haighneachtaí agus laithreoireachtaí don Ghrúpa Straitéise tagairt do leibhéal an bhandaleithid atá ar fáil do scoileanna faoi láthair agus atá go huile is go hiomlán neamhleor.. Tá sé tábhachtach gur féidir rochtain a fháil ar idirlíon leathanbhanda ó gach limistéar laistigh den scoil agus go bhfuil scoileanna faoi líonra go hiomlán ionas go sroicheadh an leathanbhanda gach seomra ranga agus limistéar foghlama eile laistigh de scoileanna. Tá

gá le feabhsuithe suntasacha agus leanúnacha i mbandaleithead anois agus thar na blianta atá le teacht, rud a bhrúnn an Grúpa Straitéise a chur i gcrích go mbeidh leibhéal infheistíochta i bhfad níos airde ag teastáil ná mar is féidir a thabhairt faoi dháileadh reatha an PFN.

Ar an drochuair, le cinntí á dhéanamh faoi ábhair thosaíochta laistigh den dáileadh €252 milliún, ní féidir leis an nGrúpa Straitéise leibhéal na hinfheistíochta a bheadh ag teastáil chun freastal ar fhíor-riachtanais na scoileanna sa cheantar seo ag praghsanna margadh-bhoilscithe reatha an leathanbhanda a mholadh. In ainneoin seo, ba cheart go mbeadh leibhéil idirlín leathanbhanda ag scoileanna na hÉireann atá fóna dá gcuid riachtanais agus a spreagann úsáid mhéadaithe na n-acmhainní ar-líne cosúil le VLEanna, rphost agus óstáil gréasáin.

Le haird á thabhairt againn ar an gcostas toirmisceach reatha atá ann i leith leibhéil oiriúnacha bandaleithid a sholáthar do scoileanna, breathnaíonn an Grúpa Straitéise gur cheart féachaint ar sholáthar leathanbhanda do scoileanna mar bhonneagar náisiúnta ríthábhachtach. Toisc an tábhacht a bhaineann le hidirlíon leathanbhanda agus soláthar TFC níos leithne i scoileanna ar chúinsí oideachais, sóisialta agus eacnamaíocha tá sé ina ábhar do bhreathnú agus soláthar níos leithne an Rialtais. Measann an Grúpa Straitéise go laghdóidh costas thar an chéad trí bliana eile agus go rachaidh bandaleithead níos fearr agus síneadh ar infhaighteacht i bhfeabhas go mór. Ar deireadh, ba cheart an féidearthacht chun tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe comhoibríthe agus comhpháirtíochta le IBEC agus TIF.

Moltaí 4.4

1. Tuilleadh maoiniú a chinntiú chun leibhéil fóna idirlín leathanbhanda a chur ar fáil do scoileanna. Anuas air sin, leibhéal feabhsaithe de sholáthar leathanbhanda a chothabháil laistigh den leibhéal infheistíochta molta sa tuarascáil seo trí ofrálacha margaidh feabhsaithe agus costais laghdaithe.
2. Maoiniú agus tacaíocht níos leithne a lorg ón rialtas chun a chinntiú go bhfuil leibhéil fóna agus riachtanacha idirlín leathanbhanda i scoileanna.
3. Sainghrúpa comhairleach a bhunú a chuirfidh comhairle ar an NCTE maidir le forbairtí leathanbhanda agus a scaipeadh féideartha i scoileanna. .
4. Tairiscint náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do sheirbhísí leathanbhanda a dhéanann éascú ar aistriú leanúnach agus gasta chuig ofrálacha margaidh atá níos fearr tríd saolré an tairisceana.
5. Soláthar leathanbhanda do scoileanna a chothabháil faoi réir feabhsuithe i mbonneagar agus seirbhísí go náisiúnta.. Ba cheart do sheirbhísí bonneagair leathanbhanda atá á fhorbairt ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha (RCFAN), cosúil leis an scéim náisiúnta leathanbhanda, nó tionscnaimh eile ó na húdaráis áitiúla, a chinntiú go dtugtar aird ar shuíomh na scoileanna le haghaidh beartú tosaíochta i rith dearadh an bhealaigh.
6. Aistriú ó sholáthar leathanbhanda satailít go DSL nó teicneolaíochtaí níos nuáí a chinntiú de réir mar atá siad fáil i gceantair áitiúla.
7. Raon seirbhísí leathanbhanda atá á sholáthar go lárnach cosúil le óstáil sonraí agus suímh ghréasáin agus timpeallachtaí VLE, a chur ar fáil do scoileanna.
8. Deasc seirbhíse leathanbhanda an NCTE a chothabháil i bpáirtíocht le deasc do thacaíocht theicniúil atá molta mar mhúnla de sheirbhísí láraithe do scoileanna.
9. An rogha a thabhairt do scoileanna bandaleithead breise a cheannach faoi réir a gcuid riachtanais idirlín athraithe.

4.5 Cothabháil agus tacaíocht theicniúil

Cuspóir 5: A chinntiú gur féidir le scoileanna bonneagair feidhmitheach agus iontaofa TFC a sholáthar go muiníneach, agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoileanna ar an tacaíocht oiriúnach teicniúil agus cothabhála leis an gcaighdeán seirbhíse seo a chothabháil.

Plé

Beidh soláthar de chothabháil agus tacaíocht theicniúil do 4,024 (2007) scoil atá scaipthe go geografach, ina bhfuil a méid agus an soláthar TFC atá a athraitheach, ina sheirbhís sách costasach i dtosach. Tá sé ríthábhachtach, áfach, socrú córasach do sheirbhís aonfhoirmeach a dhéanamh a chabhróidh le scoileanna a dtrealamh TFC a choimeád i ndea-ord oibre. Tá cothabháil agus tacaíocht rialta riachtanach do threalamh TFC. Ní bhíonn infheistíocht i dtrealamh chomh héifeachtach céanna mura gcuirtear córais cothabhála agus tacaíochta teicniúla i bhfeidhm ina dhiaidh. Tá bunleibhéal scoileanna tacaíochta teicniúil ann i roinnt scoileanna, ach tá gá le cothabháil agus tacaíocht theicniúil struchtúrtha TFC seachtrach do gach scoil.

Faoi láthair, tá éagsúlú ábhalmhór idir aois trealamh TFC i scoileanna. Ag glacadh le níos mó aonchineálachta sa todhchaí, ba cheart go mbeadh tréith forbartha a cheadódh níos mó gníomhaíochtaí um réiteach diagnóiseacha agus fadhbanna a chomhlíonadh go cianda ó dheasc seirbhíse tacaíochta teicniúil. Tá léirtheiscint ann go bhféadfadh go mbeadh gá le anailís ar chostas na seirbhíse nua seo i dteannta le clár píolótach.

Moltaí 4.5

1. Seirbhísí tacaíochta teicniúla atá pleanáilte go lárnach agus curtha i bhfeidhm lena n-áirítear deasc seirbhíse a sholáthar do scoileanna. Ba cheart do leibhéal seirbhísí, bunaithe ar mhéid na scoile, cothabháil glaoch-amach agus coiscteach a sholáthar.
2. Ba cheart don seirbhís seo cabhrú le scoileanna iniúchóireacht a dhéanamh ar a gcuid trealamh TFC agus ba cheart di liostaí a choimeád de threalamh TFC scoileanna go lárnach chun cabhrú leis an bhfoireann ag an deasc seirbhíse. Ba cheart don bhfoireann ag an deasc seirbhíse lárnach agus d'fhoirne glaoch-amach obair le chéile mar sheirbhís chomhtháite. Seo a leanas conas mar is ceart go mbeadh príomheilimintí na seirbhíse:
 - a) Deasc seirbhís na tacaíochta teicniúla lárnach a ghlacann le ceisteanna ar-líne, rphoist agus glaonna ó scoileanna agus a dhéanann iarracht iad a réiteach ag úsáid uirlisí cianrochtana.
 - b) Friothálaí tacaíochta teicniúil suiteáilte sa scoil chun cabhrú le seirbhís tacaíochta teicniúil níos éifeachtaí a sholáthar don scoil. Éascófar go mór cian-bhainistíocht LAN feabhsaithe, uasghráduithe, atógáil ríomhairí lochtacha, agus soláthar cian-tacaíochta do scoileanna. D'úsáidfidh go fairsing é tríd an deasc cian-seirbhíse chun cabhrú le ceisteanna LAN áitiúla agus ríomhaire a dhiagnóisiú. Ba cheart dó líon na nglanna-amach atá riachtanach do scoileanna a laghdú agus seirbhís níos gasta agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a sholáthar. Ba cheart don bhfriothálaí seo feidhmiú mar sheachfhriothálaí le haghaidh ábhar digiteach chomh maith. .
 - c) Áit nach féidir ceisteanna teicniúla a réiteach go cianda, bheadh seirbhís glaoch-amach go dtí an scoil curtha i sceideal chun na ceisteanna a réiteach. Ba cheart don méid seo a leanas a bheith san áireamh i seirbhís cothabhála chroiscteach réamhghníomhach: seiceáil ghréasáin, feidhmiúchán ríomhairí, bogearraí frithviris, nuashonrú córas bogearraí ag feidhmiú i gceart, agus ag amanna oiriúnacha, seiceáil ar chúltaca na bhfriothálaí agus sonraí, seiceáil ar leathanbhanda agus soláthar achoimre molta scríofa don bpríomhoide scoile.
3. Iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht agus praiticiúlacht seirbhís tacaíochta

theicniúla curtha ar fáil ag an CGO do scoileanna ina gcuid réigiúin. D'fhéadfadh seirbhís mar seo a bheith tógtha ar sholáthar tacaíocht teicniúil scéim-leathan atá ann cheana i scoileanna CGO agus a bheith curtha ar an eolas faoin dtaithí a fuarthas.

4. Níor cheart tacaíocht teicniúil a sholáthar ach sa chás go bhfuil ríomhairí in úsáid le sé bliana nó níos lú.

4.6 Tacaíochtaí agus struchtúir fhorfheidhmithe

Cuspóir 6: A chinntiú go bhfuil údarás freagrach ann – ag a bhfuil an t-eolas agus na hacmhainní cuí – ionas gur féidir an tionscadal a bhaineann le timpeallachtaí ríomhfhoghlama a chruthú i scoileanna a chur chun cinn ar mhaithe leis an aidhm agus leis an bhfís riachtanach a chomhlíonadh.

Plé

Tá gá le comhtháthú agus comhoibriú idir na príomhpháirtithe agus gníomhaireachtaí oideachais chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag bogadh i dtreo cultúr ríomhfhoghlama leabaithe. Tá ról a d'fhéadfadh a bheith bunathraitheach ag Coimisiúin na Scrúduithe Stáit (SEC) chun an próiseas leabaithe TFC seo a chur chun cinn. Tá gá le cur chuige comhaontaithe faoi chinnireacht na Roinne trí Aonad Polasaí na TFC chun an tionscnamh TFC seo a dhírú, chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe agus a chinntiú go ndéantar tagairt don TFC i ngach réimse d'fhoráil oideachais. Moltar go láidir bunú comhlacht forfheidhmithe ar bhonn fhoirmiúil chun polasaí ROE a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

Moltaí 4.6

1. Ba cheart do Aonad Polasaí na TFC comhoibriú tras-ghníomhaireachta a chomhordú agus a chur chun cinn chun tacaíocht a thabhairt do comhtháthú TFC. Éascú a dhéanamh ar chomhoibriú méadaithe idir an NCTE agus tionscnaimh a thugann tacaíocht do scoileanna agus gníomhaireachtaí Roinne eile.
2. An NCTE a bhunú ar bhonn fhoirmiúil mar an ghníomhaireacht a dhéanann comhordú agus forfheidhmiú ar pholasaí TFC in oideachas na Roinne..
3. Fóram comhairlithe agus ionadaíoch a athbhunú do pháirtithe oideachais agus tionscadail chun comhairle a thabhairt don NCTE maidir le TFC in oideachas.
4. Éascú a dhéanamh ar chomhoibriú méadaithe idir an NCTE agus tionscnaimh a thugann tacaíocht do scoileanna agus gníomhaireachtaí eile na Roinne.
5. Caithfidh an NCTE raon leathan comhairle, treoír agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus, caithfidh siad tacaíocht feabhsaithe a thabhairt do phríomhoidí scoile agus do mhúinteoirí comhordaithe TFC ach go háirithe atá mar phríomh-thacadóirí agus éascaitheoirí ar chomhtháthú TFC i scoileanna.
6. Tógáil ar an gcaidreamh agus ar an gcomhoibriú eiseach atá ann le tionscal chun tacaíochtaí inláimhsithe a thabhairt chuig tionscnamh na TFC i scoileanna.

4.7 Taighde agus cleachtas nuálaíoch

Cuspóir 7: A chinntiú go gcuirtear ár bhfís maidir le teicneolaíocht digiteach san oideachas i bhfeidhm agus go mbíonn an fhís sin ábhartha agus ceannródaíoch ar bhonn idirnáisiúnta.

Plé

Tá taighde leanúnach isteach i gcleachtadh nuálaíoch le teicneolaíochtaí digiteacha i múineadh, foghlaim agus measúnú ríthábhachtach do chóras oideachais ríomhchumasaithe chun fanacht ábhartha agus solúbtha. Gan é, d'iompódh an fíís atá againn do TFC i bhfoghlaim chuig teimpléad roeite go gasta. Tá gá le cur chuige struchtúrtha i leith taighde TFC a chabhróidh le hÉire a seasamh a choimeád ar thús cadhnaíochta ar TFC in oideachas.

Léirigh taithí an SIP 1998-2002 gur féidir le tionscadail nuálaíocha athrú inbhuanaithe a threorú. Tá an Tionscadal um Litearthacht agus TFC 2005-2007, tionscadal forbartha il-ghníomhaireachta comhoibritheach a dhéanann iniúchadh ar an slí gur féidir le cuireadh idirghabhálach ag úsáid TFC tacaíocht a thabhairt do litearthacht i seomraí ranga Éireannacha, tar éis gnóthachain inlámhsithe a bhaint amach cheana féin. Déanann múinteoirí cur síos air mar “eispéireas fíor-shaibhriúcháin do mhúinteoirí agus daltaí araon ... cuireadh ar ár gcumas leibhéal litearthachta a fheabhsú sa scoil”. Ceadaíonn tionscadail cosúil leo seo agus cinn eile cosúil le *FÍS*, *Hermes*, *Tionscnamh Foghlama na Libéirtí*, *Empowering Minds* agus *Tionscnamh na Ríomhairí Glúine* iniúchadh ar dheachleachtas i gcomhthéacs Éireannach. Soláthróidh sé seo, ar seal, ábhar agus cleachtadh dúinn chun leathadh agus príomhshruthú mar mhúnlaí comhtháite a bhfuil a fhios againn a oibreoidh i gcásanna múinte agus foghlama Éireannacha.

Moltaí 4.7

1. Laistigh de chreatlach struchtúrtha, leanúint le taighde isteach i múnlaí deachleachtais trí thionscadail nuálaíocha i scoileanna agus i gcomhoibriú le institiúidí trí leibhéal agus tionscal.
2. Taighde a dhéanamh ar mhúnlaí idirnáisiúnta deachleachtais agus iad a aithint.
3. Múnlaí agus cás-staidéir deachleachtais ar comhtháthú TFC i bhfoghlaim agus múineadh a leathadh.
4. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus ag forbairt an *Digital Schools Initiative* mar bhealach nuálaíocht agus úsáid TFC i bhfoghlaim agus múineadh a iniúchadh agus a léiriú. Tá an tionscnamh seo ina mhúnla forbartha do scoileanna agus iad ag déanamh pleananna le haghaidh athrú TFC agus an chlaochlú chuig timpeallachtaí ríomhfhoghlama.
5. Comhoibriú le IBEC, institiúidí um ardoideachais a bhfuil suim acu, agus an tionscal TF chun iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus an úsáid a d'fhéadfadh a bheith acu i múineadh agus foghlaim.
6. Tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht agus cruthaitheacht rathúil TFC scoil-bhunaithe. Ba cheart go gcothófar agus go bhforbrófar na caighdeáin arda atá bainte amach cheana féin i scoileanna ríomhfhoghlama, mar atá léirithe ag an Digital Schools Award initiative agus tionscnaimh eile.

4.8 Leibhéal inmhianaithe TFC do scoileanna

Aithnítear go mbeidh éagsúlacht idir riachtanais agus ionchais TFC i scoileanna. I mbunlínte inmhianaithe a aithint do leibhéal soláthar TFC agus trealamh do scoileanna, molann an Grúpa Straitéise go n-uchtódh an scoil na cumraíochtaí ICT molta seo a leanas i bhforbairt straitéisí ríomhfhoghlama agus a bhforfheidhmiú sa todhchaí.

- >> Ba cheart go mbeadh gach seomra ranga faoi líonra chun idir 5 agus 8 pointe rochtana seirbhísithe a áireamh (2 ag deasc an mhúinteora agus 4-6 do dhaltaí). Go hidéalach, ba cheart do scoileanna obair i dtreo cóimheas 5:1 dalta go ríomhaire (PCR) i seomraí ranga.
- >> Chun tuilleadh comhtháthú TFC a éascú ag leibhéal bunscoile, ba cheart go mbeadh na ríomhairí sna seomraí ranga seachas a bheith i seomraí ríomhaireachta ar leith. D'fhéadfadh bunscoileanna móra an rogha a dhéanamh chun a gcuid seomraí ríomhaireachta a choimeád. Ag leibhéal iarbhunscoile tá meascán suímh chuí agus ba cheart go mbeadh ríomhairí do sheomraí ranga san áireamh chomh maith le seomraí ríomhaireachta.
- >> Ba cheart go mbeadh teilgeoir digiteach buan agus ríomhaire múinte le méarchlár gan sreang agus luch gan sreang i ngach seomra ranga.

- >> Ba cheart go mbeadh gach ríomhaire sna scoileanna gréasánaithe agus cumasaithe do leathanbhanda.
- >> Ba cheart go mbeadh rochtain éasca ar fáil do raon gléasanna digiteacha cosúil le ceamaraí digiteacha agus físcheamaraí digiteacha (DV).
- >> Ba cheart go mbeadh rochtain ar thralaí ríomhairí glúine ar fáil a thabharfadh tacaíocht do idir 10-30 ríomhaire glúine a bheadh ábalta nascadh go dtí an gréasán scoile agus an idirlíon (ceann amháin do scoil bheag agus dhá cheann do scoil atá níos mó).
- >> Ba cheart go mbeadh stáisiún ilmheáin soghluaiste i ngach scoil le gnéithe na meáin digiteacha comhtháite chun cruthú, eagarthóireacht agus táirgeadh, taifeadadh agus dúbailt ábhair a chumasú.
- >> Ba cheart go mbeadh ríomhairí faoi líonra, atá réidh le dul ar an idirlíon agus teilgeoirí digiteacha ag seomraí acmhainne agus réimsí tacaíochta foghlama áit is cúí.

4.9 Dáileadh an mhaoinithe agus an bhuiséid foriomlán

Imlíniú na táblaí atá léirithe sna leathanaigh seo a leanas na costais tháscacha a mheasfadh an Grúpa Straitéise a bheadh mar an dáileadh is fearr den mhaoiniú atá ar fáil ón PFN agus ó chistí breise bainteach le hAonad Tógála na ROE atá ar fáil thar na sé bliana atá le teacht. Caithfidh na dáiltí atá molta a bheith táscach amháin toisc go bhfuil siad bunaithe ar chostais reatha, ofrálacha margaidh agus cumraíochtaí teicniúla. Beidh gá le infheistíocht rialta níos faide ar aghaidh ná 2013 chun an dul chun cinn atá déanta a chothabháil agus a spreagadh. Seans go sholáthrófaí é seo sa chaoi is fearr mar eilimint thiomnaithe den deontas caipitíochta do scoileanna.

Measaimid go ndéanfar an dáileadh €252 milliún faoin PFN a mhéadú ag cistí agus tacaíochtaí breise thart ar €85 milliún a chaithfear ar sholáthar TFC i scoileanna ó Aonad Tógála na ROE agus foinsí eile sa ROE. Leis an mbonn tuisceana seo, molann an Grúpa Straitéise an miondealú seo a leanas den chomh-dáileadh:

Réimsí tosaíochta na hinfheistíochta	Euro (milliún)
TFC CPD	17.7
Ábhar digiteach & bogearraí	25.3
Trealamh TFC (ríomhairí) – breise & ionadaíoch	74.5
Trealamh TFC (ag eisiáimh ríomhairí)	62.4
Soláthar leathanbhanda	61.7
Cothabháil agus tacaíocht theicniúil	56.9
Taighde agus cleachtas nuálaíoch	7.0
Seirbhís chomhairleach TFC/NCTE	30.1
Tacaíocht & comhairle theicneolaíochta	1.4
Iomlán	337

Tábla 1: Miondealú chomh-bhuiséid (€337 milliún) féach leathanach 29

Cuireann an tábla seo na dáiltí maoinithe um fhorbairt ghairmiúil, bogearraí agus ábhar digiteach, ceannachán ríomhairí breise agus ionadaíoch, seirbhís tacaíochta teicniúla, comhairle agus tacaíocht theicneolaíochta, Seirbhís Chomhairliúcháin an NCTE/TFC agus cleachtas nuálaíoch i láthair. Faoi láthair tá 50,636 ríomhaire measta i scoileanna atá in úsáid le níos lú ná sé bliana. Tá an meastachán seo bunaithe ar Dhaonáireamh an NCTE um TFC i Scoileanna (2005).

Cuspóirí agus moltaí tosaíochta d'infheistíocht TFC

Tá leibhéal an mhaoinithe atá dáilte do ríomhairí (€74.5 milliún) bunaithe ar iomlán de 134,500 ríomhaire a sholáthar idir 2008 agus 2013. Le haird á thabhairt ar na ríomhairí eiseacha, tuilleadh ríomhairí nua agus ríomhairí iomarcacha atáthar ag fáil réidh leo, is ionann líon na ríomhairí feidhmitheacha i scoileanna ó 2010 ar aghaidh agus 125,136. Tá an comhaireamh bunaithe ar aonad ríomhaire deisce caighdeánach amháin ag costas €600 an ceann. Moltar freisin gur chóir fáil réidh le ríomhairí atá briste agus nach féidir a dheisiú gach bhliain. (Tá thart ar 10,000 sa chatagóir seo).

Tábla 2: Líon na n-aonad de threalamh TFC féach leathanach 30

Tá dáiltí le haghaidh trealamh TFC eile ar nós ríomhaire an mhúinteora sna seomraí ranga, teilgeoirí digiteacha i seomraí ranga, ceamaraí digiteacha agus físcemaraí digiteacha, trucaílí do ríomhairí glúine agus stáisiúin ilmheánacha san áireamh sa tábla seo. Áiríonn sé ríomhairí glúine scoile do phríomhoidí agus do mhúinteoirí Comhordaithe TFC chomh maith chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí ceannaireachta TFC in-scoile um chur chun cinn an chomhtháthaithe TFC.

Tábla 3: Buiséad na tacaíochta teicniúil (€56.9 milliún) féach leathanach 31

San áireamh sa tábla seo tá an costas a bhaineann le seirbhís náisiúnta na tacaíochta teicniúla a chur ar fáil do scoileanna. Laistigh den soláthar seirbhíse na tacaíochta teicniúla atá beartaithe, beidh gach scoil san áireamh i seirbhís a chuirfear ar fáil go lárnach, agus astu seo, seachadfar cuid dóibh go náisiúnta, agus cuid dóibh go háitiúil nó go réigiúnach. Cuireann an múnla beartaithe comhseirbhís chothabhála scairte amach agus coiscteach ar fáil do scoileanna. Áireoidh an tseirbhís na rudaí seo a leanas:

- >> An soláthar de dheasc freastail tacaíochta theicniúla láraithe do gach scoil (costas measta: €12.7M).
- >> Bunaithe ar mhéid na scoile, idir 2 agus 5 chreidmheas scairte amach a sholáthar do scoileanna in aghaidh na bliana (costas measta: €44.2M).
- >> An soláthar d'fhriothálaí tacaíochta theicniúla/sheachfhreastalaí do scoileanna ina bhfuil níos mó ná 300 dalta ann (costas measta: €3.60M). Is infheistíocht forbartha í seo a laghdóidh líon na scairteanna amach agus, faoi dheireadh nuair a bheidh siad suiteáilte i ngach scoil, beidh céatadán níos airde de chian-réitigh ar lochtanna, am freagartha níos tapúla agus réiteach níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de ann. Feidhmeoidh an friothálaí mar sheachfhreastalaí chomh maith, rud a fheabhsóidh seachadadh an ábhair dhigitigh go dtí an scoil.

Tábla 1: Comh-bhuiséad €337 Milliún (.i. €252M+85M)

Réimsí Buiséid	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m	2012 €m	2013 €m	Maoiniú foriomlán €m	Ráití €m
Forbairt ghairmiúil leanúnach	1.5	2.2	2.8	2.8	2.8	2.8	2.8	17.7	Reatha (€10.5M - 7 bl)
Ábhar digiteach & bogearraí	0.8	3.7	4.0	4.2	4.2	4.2	4.2	25.3	Reatha (€5.9M - 7 bl)
Tacaíocht & comhairle theicneolaíochta	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2	1.4	Comhréidh bliain ar bhliain
Seirbhís chomhairleach TFC/NCTE	4.3	4.3	4.3	4.3	4.3	4.3	4.3	30.1	Comhréidh bliain ar bhliain
Taighde & cleachtas nuálaíoch	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	7.0	€1M sa bhliain
Iomlán: Achoimre ar mhaoiniú NCTE colbhneasaigh	7.8	11.4	12.3	12.5	12.5	12.5	12.5	81.5	
Líonra agus leathanbhanda na scoileanna	3.3	4.8	10.7	10.7	10.7	10.7	10.7	61.7	Leathanbhanda ar leibhéil maoinithe 2007 ag glacadh leis gur féidir luach níos fearr a fháil ó sholáthraithe
Líonrú i scoileanna	-	-	-	-	-	-	-	-	Líonrú le bheith maoinithe ag aonad tógála ROE
Cothabháil & tacaíocht teicniúil	-	0.2	10.8	11.1	11.3	11.6	11.9	56.9	Deasc seirbhíse agus seirbhís glaonna amach
Trealamh TFC (ríomhairí) – breise & ionadaíoch	600	24.6	24.2	11.3	5.1	4.8	4.5	74.5	
Teilgeoirí digiteach	1,000	6.0	9.5	9.0	-	-	-	24.5	Soláthraíodh 26,000 as 34,000 seomra ranga
Ríomhaire múinte sa seomra ranga	600	6.0	5.7	4.3	-	-	-	16.0	Soláthraíodh 28,000 as 34,000 seomra ranga
Ceamara digiteach/fisceamara DV	500	2.0	0.7	-	-	-	-	2.7	1(<200 dalta); 2 (>200 dalta)
Ríomhairí glúine na scoile	750	3.0	2.9	-	-	-	-	5.9	Do Phríomhoifidí agus múinteoirí Comhordaithe TFC
Trucaill na ríomhairí	2,000	1.4	1.3	1.3	-	-	-	4.0	Trucaill na ríomhairí glúine le soláthar do 67.2% (2116) bunscóil
Stáisiún ilimheáin	1,500	2.0	1.9	1.8	-	-	-	5.7	Ceann in aghaidh na scoile
Freastalait (tacaíocht teic/seachfhreastalait)	4,200	-	3.6	-	-	-	-	3.6	Ceann do scoileanna le 300+ dalta (tacaíocht teicniúil + seachfhreastalait)

Caiteachas molta iomlán sa bhliain	€11.2	€61.5	€83.6	€62.0	€39.6	€39.6	€39.6	337.0	
Caiteachas bliantúil comhréidh de e252M (PFN) sa bhliain	€36.0	€36.0	€36.0	€36.0	€36.0	€36.0	€36.0	252.0	
Éagsúlacht								85.0	

Achoimre:
Cumas leathanbhanda ag leibhéil 2007. Crua-earraí TFC chun líon na ríomhairí a mhéadú chuig os cionn 125,000 PC. Buiséad na tacaíochta teicniúil ag €56.9M. Airíonn an infheistíocht iomlán dáileadh an PFN (€252M) móide thart ar €85M ó chistí eile ROE. Tá CBL san áireamh sna costais uille.

Nótaí/foshuímh do Tábla 1:
Tugtar **Costais Aonaid** ar rátaí 2008. m.sh. €600 ar ríomhaire deisce. Sna blianta le teacht meastar go laghdóidh an costas 5% in aghaidh na bliana.

Tá **Leathanbhanda** ar leibhéil maoinithe 2007 ag glacadh leis gur féidir luach níos fearr a fháil ó Sholáthraithe Seirbhíse.
Líonrú le bheith maoinithe ag aonad tógála ROE.
Tacaíocht teicniúil le soláthar do scoileanna uile trí chomhcheangal de sheirbhís ghlaonna amach agus deasc seirbhíse lárnach.
Teilgeoirí digiteacha le soláthar do 26,000 as 34,000 seomra ranga.
Ríomhaire múinte sa seomra ranga le soláthar do 28,000 as 34,000 seomra ranga.

Fisceamara DV/ceamara digiteach amháin le soláthar do scoileanna le níos lú ná 200 dalta, le 2 cheann a sholáthar do scoileanna le níos mó ná 200 dalta.
Ríomhairí glúine na scoile le soláthar do phríomhoifidí agus múinteoirí Comhordaithe TFC araon.
Trucaill na ríomhairí le soláthar do 67.2% (2116) bunscóil gan seomraí ríomhairí acu (faoi réir Daonáireamh TFC 2005).
Freastalait le soláthar do scoileanna le 300+ dalta.

Tábla 2: Líon na n-aonad de threalamh TFC

	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
Líon measta na ríomhairí feidhmeach (atá in úsáid le níos lú ná 6 bliana)	50,636						
Ríomhairí nua á sholáthar sa bhliain (2008- 2013)		41,000	42,500	21,000	10,000	10,000	10,000
Líon measta na ríomhairí neamh-fheidhmeach á chaitheamh amach in aghaidh na bliana		10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000
Líon glan na ríomhairí feidhmeach i scoileanna		81,636	114,136	125,136	125,136	125,136	125,136
	Costas Aonaid € (2008)						
Ríomhaire deisce	600						
Ríomhaire glúine na scoile	750	4,000	4,000	–	–	–	–
Ríomhaire múinte sa seomra ranga	600	10,000	10,000	8,000	–	–	–
Teilgeoir digiteach sa seomra ranga	1,000	6,000	10,000	10,000	–	–	–
Ceamara digiteach/físcheamara	500	4,000	1,417	–	–	–	–
Trucail ríomhaire glúine	2,000	705	705	705	–	–	–
Stáisiún ilmheáin	1,500	1,334	1,333	1,333	–	–	–
Freastalaí (tacaíocht teic/seachfreastalaí)	4,200	–	897	–	–	–	–

Nótaí/ foshuímh do Tábla 2:

Líon na ríomhairí feidhmeach i 2007 in úsáid le 6 bliana nó níos lú ná 50,636.

Soláthraítear 41,000 ríomhaire i 2008; 42,500 i 2009, 21,000 i 2010 agus 10,000 ó 2011 go 2013.

Líon measta na ríomhairí neamh-fheidhmeacha á gcaitheamh amach in aghaidh na bliana ná 10,000.

Líon na ríomhairí nua á sholáthar ó 2008 go 2013 ná 134,500.

Ag tabhairt aird ar ríomhairí eiseacha, ríomhairí nua breise agus ríomhairí á gcaitheamh amach, líon na ríomhairí feidhmeach ó 2010 ar aghaidh ná 125,136.

Tábla 3: Buiséad na tacaíochta teicniúla		Costais Mheasta										Seirbhís Lárnach do scoileanna uile – Gan Deontais		
		2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m	2012 €m	2013 €m	Fo-íomlán	Ráití				
Scoileanna uile ar sheirbhís a soláthraítear go lárnach ó 2009		-	0.2	2.5	2.5	2.5	2.5	2.5	2.5	2.5	12.7			
Deasc seirbhíse tacaíochta teicniúil; áirítear uirlisí bainistíochta LAN agus Cianrochtana (RA)														Tá costais na tacaíochta teicniúla de €200K measta i 2008. Bonneagar tacaíochta teicniúil lárnach d'fhoireann de thart ar 20 teicneoir ar chostas bliantúil de €2.5M sa bhliain ó 2009-2013.
Seirbhís ghlaonna amach do scoileanna ag comhcheangal seirbhís réamhghníomhach agus réitigh faidhbe		-	-	8.3	8.6	8.8	9.1	9.4			44.2			Méadú costais 3% sa bhliain ó 2009
Costais Iomlán		-	0.2	10.8	11.1	11.3	11.6	11.9			56.9			
Líon na nDaltai	Líon na mbunscóileanna i 2007	Líon na Líon iomlán na n-iar-bhunscóileanna i 2007	Líon na scoileanna i 2007	Líon na scoileanna i 2009	Laethanta glao-amach na tacaíochta teicniúil in aghaidh na scoile sa bhliain	Costas sa bhliain (do 4051 scoil)	Líon laethanta glao-amach na tacaíochta teicniúil sa bhliain	Achoimre: Léiríonn an múnla seo na scoileanna uile a sholáthar le seirbhís chomhtháite ag cuimsiú a) deasc seirbhíse, agus b) seirbhís ghlaon-amach. Tá líon na laethanta glao-amach in aghaidh na scoile laistigh de mhaoiniú infhaighte idir 2 agus 5 lá sa bhliain.						
less than 50	735	10	745	751	2	909	1,502	Braitheann líon na laethanta glao-amach ar mhéid na scoile. Tá costas cuairte lae iomlán i 2009 measta ag €500 gan CBL (€605 le CBL ag 21%)						
50 - 99	934	16	950	958	3	1,739	2,874							
100 - 199	804	72	876	883	3	1,603	2,649							
200 - 299	451	106	557	562	4	1,360	2,248							
300 - 499	276	239	515	519	5	1,570	2,595							
500+	84	291	375	378	5	1,143	1,890							
Total	3,284	734	4,018	4,051		8,324	13,758							
Costas in aghaidh an lae ar an láthair (le CBL @21%)		605												
Líon iomlán na laethanta ar an láthair		13,758												
Líon na laethanta (le hollíoint -220)		220												
Líon na dteicneoirí ag teastáil		63												
<p>Nótaí/foshuímh: Tábla 3</p> <p>Tá an múnla seo bunaithe ar an bhfoshuíomh go ndéantar Seirbhís na Tacaíochta Teicniúil a thairiscint i 2008 agus a fhorfheidhmiú i 2009. Glactar le CBL ag 21%. Líon measta na scoileanna i 2009 is ea 4,051.</p>														

Tagairtí

- Conway, P. (2005), 'Laptops Initiative for students with Dyslexia or other Reading/Writing Difficulties: Evaluation Report of Early Implementation, Dec. 2000 to Sept 2003'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- Conway, P. (2000), 'School Information Technology (IT) 2000: technological innovation and educational change'. In Irish Educational Studies, 19, 227-244.
- Daly, T. (2001), 'Pedagogy and Disability: Insights from Action Research'. Irish Educational Studies, Iml. 2, 2001. lch107-124.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998), 'Schools IT 2000'. Éire: ROE.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2000), 'Blueprint for the future of ICT in Irish Education'. Éire: ROE.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2000), 'FÍS - Film in Schools', www.fis.ie
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cigireacht (2008) 'The Impact of ICT on Teaching & Learning'. Éire: ROE.
- An Coimisiún Eorpach - Information Society and Media Directorate General, (2006), 'Benchmarking Access and Use of ICT in European Schools 2006'. Empirica, www.eu.europa.eu
- Forfás (2007), 'Tomorrow's Skills: Towards a National Skills Strategy'. Baile Átha Cliath: Forfás.
- Galvin, C. (2002), 'Sharing Innovative Practice - The NCTE's Schools Integration Project 1998- 2000'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- Galvin, C. agus Mulkeen, A. (2002), 'The Schools Integration project (SIP): Background and Early Development.'
- Galvin C (ed) 'Sharing Innovative Practice'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- Galvin, C. (2003), (ed) 'Sharing Innovative Practice'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- Gleeson, J. Johnston, K. Mc Garr, O. & O'Grady, D. (2001), 'ICT and School Improvement: Executive Summary for Ireland'. Páras: OECD/CERI.
- IFUT (2000), 'Towards 2010: Teacher Education in Ireland Over the Next Decade'. Imeachtaí de chuid Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile, 22 & 23
- Deireadh Fómhair 1999, TCD, Baile Átha Cliath: IFUT.
- Mulkeen, A. (2002), 'Schools for the Digital Age, Progress Report 1998 - 2002'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- NCCA (2005), 'Primary Curriculum Review, Phase 1: English, visual arts and mathematics', Baile Átha Cliath: NCCA.
- NCCA (2007), 'ICT Framework - A structured approach to ICT in Curriculum and Assessment'. Baile Átha Cliath: NCCA.
- NCTE (2000), 'Innovative ICT projects in Irish schools'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- NCTE (2005), 'NCTE Census 2005', www.ncte.ie. Baile Átha Cliath: NCTE.
- NCTE (2005), 'Look at History through the RTÉ archive', www.scoilnet.ie/lookathistory
- NCTE (2004), 'History In-Service - Supporting Leaving Certificate History', www.scoilnet.ie/hist/.
- NCTE (2006), 'Digital Schools Award Initiative', www.digitalschools.ie.
- NCTE (2006), 'Engaging Learners - Mobile Technology, Literacy and Inclusion'. Dublin: NCTE.
- NCTE (2007), 'Digital Content Strategy for Irish Schools'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- NPADC (2001), 'The Impact of Schools IT2000: Report and Recommendations to the Minister for Education and Science'. Baile Átha Cliath: NCTE.
- OECD (2000), 'Schooling for Tomorrow - Learning to Bridge the Digital Divide'. Centre for Educational Research and Innovation, Páras: OECD.
- OECD (2005), 'Are students ready for a Technology-Rich World? What Pisa studies tell us'. Páras: OECD.
- OECD (2006), 'Education at a Glance 2006'. Páras: OECD.
- Sahlberg, P (2006), 'Education Reform for Raising Economic Competitiveness'. Journal of Curriculum Studies, 37 (2), 155-192. Washington: World Bank.

Leabharliosta roghnaithe

- BECTA (2007), 'Emerging Technologies for Learning', Imleabhar 2 2007. Londain: BECTA.
- CISCO (2007), 'Learning 2.0 - A vision for connected schools'. CISCO Systems, www.cisco.com.
- Daly, T. (2001), 'Enabling Technologies, Guidelines for the use of Assistive Technologies'. Corcaigh: Bradshaw Books.
- DENI (2004), 'Empowering Schools in Northern Ireland'. An Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann, www.empoweringschools.com.
- Dunshaughlin (2007), 'Putting Vision into Practice'. Coláiste Pobail. Dhún Seachlainn, www.duncc.ie.
- Department for Education and Skills (2004), 'The Big Picture: The Impact of ICT on Attainment, Motivation and Learning'. Department for Education and Skills (DFES), Sasana, www.dfes.gov.uk/ictinschools.
- Earle, R. S. (2002), 'The Integration of Instructional Technology: Promises and Challenges'. ET Magazine, 42 (1), 5-13.
- Education Networks of America (en@)/Infotech Strategies, 'Networked for Learning - Enabling 21st Century Student Success'. www.ena.com agus www.itstrategies.com.
- Enterprise Strategy Group (2004), 'Ahead of the Curve - Ireland's Place in the Global Economy'. Baile Átha Cliath: Forfás.
- EUN (2006), 'Policy and innovation in Education'. Insight, An Bhruiséil.
- EUN. European Commission Joint Research Centre (2005), 'The Future of ICT and Learning in the Knowledge Society', www.jrc.ec.eu.int/.
- Glou - Learning and Teaching Scotland, 'Goals, Vision and Wider Benefits', www.glou.scotland.org.uk.
- Greene, H. agus Hannon, C. (2007), 'Their Space. Education for a Digital Generation'. Londain: Demos.
- Hans Daanen agus Keri Facer (2007), '2020 and beyond - Future Scenarios for Education in the age of new technologies'. Futurelab, www.futurelab.org.uk.
- Hennessy, S., Ruthven, K. agus Brindley, S. (2005), 'Teacher perspectives on integrating ICT into subject teaching: commitment, constraints, caution and change'. Journal of Curriculum Studies, 37 (2), 155-192.
- HMIE (2007), 'Improving Scottish Education - ICT in Learning & Teaching HM Inspectorate of Education (HMIE), Ar fáil ag www.hmie.gov.uk.
- ICT Ireland (2007), 'Home Computing Initiative' HCI. ICT Ireland, www.hciireland.ie.
- Coimisiún na Sochaí Faisnéise (2004), 'Learning in the 21st Century - Towards personalisation'. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Coimisiún na Sochaí Faisnéise (2005), 'Learning to Innovate - Reperceiving the global information society'. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Cigireacht, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007), 'Learning to Teach'. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Insight (2007), 'Policy and Innovation in Education' and 'ICT in Schools: Trends, Innovations and Issues in 2006-2007' i 'The ICT Impact Report'. European Schoolnet, www.insight.eun.org.
- Intel (2007), 'Building Schools for the Future: Pedagogy & ICT'. Intel, www.intel.com.
- International Society for Technology in Education, 'Journal of Research on Technology in Education'. SAM, www.iste.org.
- International ICT Literacy Panel - Centre for Global Assessment USA 'Digital Transformation - A framework of ICT Literacy', www.ets.org.
- Kennisnet (2006), 'Four in Balance Monitor ICT op School Foundation - Netherlands', www.kennisnetictopschool.nl/international.
- Machin, S., McNally, S agus Silva, O. (2006) 'New Technology in Schools: Is there a Payoff?' Páipéar Uimh CEEDP0055. Centre for the Economics of Education, <http://cee.lse.ac.uk/>.
- Martin, A. (2004b), 'The Landscape of Digital Literacy'. IT Education Unit, University of Glasgow, www.Digeulit.ec.
- Matzen, N. agus Edmunds, J. (2007), 'Technology as a Catalyst for Change: The Role of Professional Development'. ISTE, Journal of Research on Technology in Education, 39(4), 417-428.
- Ministry of Education, - New Zealand, 'Enabling the 21st Century Learner - An e-learning Action Plan for Schools 2006 - 2010', <http://www.minedu.govt.nz/>.
- NCCA (2004), "<http://www.ncca.ie/uploadedfiles/ECPE/ICTEnglish.pdf>" Information and Communications Technology (ICT) in the Primary School Curriculum: Guidelines for Teachers'. Baile Átha Cliath: NCCA.
- NCCA (2004), [http://www.ncca.ie/uploadedfiles/ECPE/Curriculum, Assessment and ICT in the Irish Context: A Discussion Paper](http://www.ncca.ie/uploadedfiles/ECPE/Curriculum%20AssessmentandICT.pdf). Baile Átha Cliath: NCCA.
- NCCA (2004), 'ICT Framework - A structured approach to ICT in Curriculum and Assessment. Report on the school based development initiative'. Baile Átha Cliath: NCCA.
- NZ Ministry of Education (2006), 'What Makes for Effective Teacher Professional Development in ICT', www.minedu.govt.nz.
- NZ Ministry of Education 'Enabling the 21st Century Learner - An e-learning Action Plan for Schools 2006-2010', <http://www.minedu.govt.nz/>.
- New Zealand Ministry of Education (2006), 'The New Zealand Education Sector (e)Learning Strategic Framework'. Ministry of Education: Wellington.
- Ofsted (2002), 'ICT in schools - The impact of government initiatives five years on', www.ofsted.gov.uk.
- Smith, F., Hardman, F. agus Steve Higgins, S. (2006) 'The Impact of Interactive Whiteboard on teacher-pupil interaction in the national literacy and Numeracy Strategies'. British Educational Research Journal, Imleabhar 32, Eagrán 3 Meitheamh 2006, lch 443-457.

Aguisíní

Aguisín 1

Téarmaí tagartha

D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin T.D., ceapadh Grúpa Straitéise inniu chun comhairle a thabhairt i leith tosaíocht na mbeart faoi infheistíocht €52 milliún atá pleanáilte ag an Rialtas i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna scoileanna. Imlíniódh an infheistíocht atá pleanáilte thar an tréimhse 2007 to 2013 i bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) an Rialtais a foilsíodh an mhí seo caite. Bunaithe ar infheistíocht an PFN agus ar chomhairle an Ghrúpa Straitéise, tá sé i gceist ag an Aire straitéis chuimsitheach nua a fhoilsiú le haghaidh TFC i scoileanna don tréimhse go 2013.

“Is í an aidhm a bheidh leis an Tionscnamh TFC Scoileanna nua ná cultúr ríomhfhoghlama a fhorbairt i scoileanna a chinnteoidh go bhfuil úsáid TFC leabaithe i múineadh agus i bhfoghlaim ar fud an churaclaim. Is ann a thabharfar aghaidh ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí, ar chothabháil líonra leathanbhanda náisiúnta do scoileanna, ar riachtanais chothabhála agus tacaíochta teicniúla agus ar uasghrádú agus athnuachan na gcrua-earraí i dteannta le soláthar bogearraí agus ábhair dhigitigh don fhoghlaim.”

“Agus comhairle á tabhairt dom ar thosaíochtaí don infheistíocht, is amhlaidh a iarrfaidh mé ar an nGrúpa aird a thabhairt ar an réimse iomlán de mhaoiniú agus tacaíochtaí oideachais atá ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar chomhtháthú TFC isteach i múineadh agus i bhfoghlaim. Iarrfaidh mé orthu freisin amharc ar na fachtóirí ratha criticiúla do na scoileanna sin atá ag comhtháthú TFC go rathúil isteach ina gcuid múineadh agus foghlaim,” a dúirt an tAire Hanafin.

Is é an tUas. Jerome Morrissey, Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, a bheidh mar chathaoirleach ar an nGrúpa, agus is daoine aonair a bheidh sa bhlláth le réimse eispéireas agus saineolais chomhlántaigh in oideachas, i dtionscal agus sa tseirbhís phoiblí. Táthar ag súil go dtuairisceoidh an Grúpa faoi Bealtaine na bliana seo.

“Braithfidh forbairt leanúnach na hÉireann mar shochaí feasachta fhorásach ar scileanna ár ndaoine óga. Beidh forbairt de litearthacht TFC dhaingean inár leanaí go léir mar scil beatha ríbhunúsach dóibh agus iad ag iarraidh a bheith rannpháirteach i ndeiseanna na sochaí feasachta dhomhanda. Tá sé ríthábhachtach go soláthraíonn ár scoileanna deiseanna dár leanaí go léir chun a lánchumas a fhorbairt ina leith sin.” Féadfaidh úsáid chomtháite TFC sa seomra rangar cur le cáilíocht an eispéiris oideachais freisin. Féadfaidh sí gníomhaíochtaí foghlama agus múinteoireachta a shaibhriú, méadú a dhéanamh ar spreagadh na ndaltaí chun foghlama agus éascú a dhéanamh ar bhealaí foghlama nua do leanaí le riachtanais oideachais speisialta acu,” a dúirt an tAire Hanafin mar fhocal scoir.

25 Feabhra, 2007

Aguisín 2

Baill an Ghrúpa Straitéise

An tUas. Jerome Morrissey, Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise.

Stiúrthóir, Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE).

An Dr Sean Baker, Príomh-Eolaí Corparáideach, IONA Technologies PLC.

An Dr Conor Galvin, Scoil an Oideachais agus na Foghlama ar Feadh an tSaoil, UCD.

An Dr Máirín Glenn, Comhordaitheoir TFC, Scoil Náisiúnta an Inbhir, Béal an Átha.

An tUas. Michael Hallissy, Stiúrthóir Foghlama, Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh.

An tUas. Matt Hume, Príomhoide, Scoil Náisiúnta Buachailí Naomh Seosamh, Tír an Iúir.

An tUas. Seamus Ryan, Príomhoide, Coláiste Pobail Dhún Seachlainn.

Theresa Ryan Uasal, Aonad Polasaí TFC, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An tUas. Tim O'Sullivan, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

An tUas. Frank Turpin, Bainisteoir Oideachais, Intel Ireland Ltd.

Aguisín 3

Modheolaíocht

Bhunaigh an Grúpa Straitéise go leor dá chuid oibre mórthimpeall ar aighneachtaí a fuarthas de bharr cuirí a tugadh do chomhpháirtithe oideachais agus grúpaí leasmhara eile. Fuarthas cúig aighneacht déag is fiche in iomlán. Ba shoiléir an riachtanas follasach a bhí ann le haghaidh bearna nó léirmhíniú mionsonraithe inár gcuid tuisceana, d'iarramar léirithe béil ó phríomhgheallsealbhóirí agus ó fhaisnéiseoirí eile. Rinneadh seacht léiriú déag dá leithéid leis an nGrúpa. Rinneadh anailís agus plé mionsonraithe ar gach aon aighneacht agus léiriú. I mbaint amach ár gcuid oibre, reáchtáil an Grúpa seacht gcruinniú agus baineadh leas nach beag as timpeallacht ar-líne saintógtha.

Aguisín 4

Aighneachtaí scríofa

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
Association of Management of Catholic Secondary Schools
Association of Principals of Vocational Schools and Community Colleges
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn
Catholic Primary School Management Association
Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann
Discover Science & Engineering
Forfás
Coláiste Oideachais Froebel
Cumann Comhairleoirí TFC
ICT Ireland
Cumann Múinteoirí Éireann
Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann
An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna
Institiúid Oideachais Marino
Coláiste Mhuire gan Smál
Institiúid Mater Dei
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta i Riachtanais Speisialta
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí
An tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Ghairmscoileanna
Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunscoil)
Open Ireland
Coláiste Oideachais Naomh Aingeal
Coláiste Oideachais Naomh Pádraig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Aontas Múinteoirí Éireann
Seirbhís Tacaíochta na nÁbhar Teicneolaíochta, t4
Comhairle Leaharlanna na hÉireann
Aontas na Mac Léinn Iarbhunscoile (Éire)

Aguisín 5

Láithreoireachtaí béil

Cruinniú 1, 5ú Márta 2007

An tUas. Tom Lonergan

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.

Cruinniú 2, 28ú Márta 2007

An Dr Pat Callan

Foireann Tacaíochta Inseirbhíse Staire - HIST.

Anne White Uasal

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.

An tUas Mike O'Byrne

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.n

An Dr Sarah Fitzpatrick

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta.

Cruinniú 3, 12ú Aibreán 2007

Anne White Uasal

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

Kathryn Raleigh Uasal
& An Dr. Deirdre Butler

ICT Ireland
Coláiste Oideachais Naomh Pádraig

Professor John Anderson

An Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann.

An tUas. Tom Lonergan

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

Cruinniú 4, 16ú Aibreán 2007

Marie McLoughlin Uasal

Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile.

An tUas. John Lucey &
Frances Holohan Uasal

Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.

An Dr Pádraig Kirk &
An Dr George Porter

An Roinn Oideachais & Eolaíochta - Cigireacht.

An tUas. Jimmy Stewart

C2K Thuaisceart Éireann.

Cruinniú 5, 08ú Bealtaine 2007

An Dr. Sinéad Breathnach

An Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile (Iarbhunscóil).

Catherine Hennessy Uasal

Tacaíocht um Phleanáil Forbartha Scoile (Bunscóil).

An tUas. John Curran,
An tUas. Seaghan Moriarty &
An tUas. Seán Ó'Laimhín

Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann.

An tUas. Matt Reville,
An tUas. John Hegarty &
Elizabeth Oldham Uasal

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

Aguisín 6

Gluais

CD	Dlúthdhiosca	OECD	Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	P.A.	Sa Bhliain
RCFAN	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha	PCR	Cóimheas Dalta go Ríomhaire
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	PC	Ríomhaire Pearsanta
DS	Scoileanna Digiteacha	PCSP	Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile
DSL	Líne Dhigiteach Rannpháirtí	PP	Iarbhunscoil
DV	Físeán Digiteach	PLC	Cuideachta Phoiblí Theoranta
DVD	Diosca Digiteach Ilúsáide /Diosca Digiteach Físeáin	RA	Cianrochtain
AE	Aontas Eorpach	RCSS	Seirbhís Tacaíochta Churaclaim Réigiúnach
EUN	European Schoolnet	ROM	Cuimhne Inléite Amháin
FÍS	Film in Schools Project	RTÉ	Raidió Teilifís Éireann
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas	SDPI	An Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile
HW	Crua-earraí	SDPS	Tacaíocht um Phleanáil Forbartha Scoile
IBEC	Irish Business & Employers Confederation	SEN	Riachtanais Oideachais Speisialta
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide	SIP	Tionscadal um Chomhtháthú na Scoileanna
IFUT	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile	SLSS	Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal
CBI	Clár Bán Idirghníomhach	TES	Rannóg Oideachais na Múinteoirí
IEP	Individualized Education Programme	TS	Tacaíocht Teicniúil
LAN	Líonra Achair Logánta	TIF	Telecommunications and Internet Federation
LDS	Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna	UCD	Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
MLE	Timpeallacht Foghlama Bainistithe	CGO	Coiste Gairmoideachais
NCCA	Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	VFM	Luach ar Airgead
NCTE	Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas	VLE	Timpeallacht Foghlama Fíorúil
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta		
NPADC	Coiste Forbartha agus Comhairleoireachta Polasaí Náisiúnta		

